

Nuashonrú Inbhuanaitheachta 2015

Taisteal i dtreo na
hInbhuanaitheachta



Tuilleadh Eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an Uasdátú Inbhuanaitheachta téigh i dteagmháil le:

An Rannóg Comhshaoil agus
Inbhuanaitheachta,
HSSE
Foirgnemh n tSenteirmiéil Lair
Aerfort Bhile Áth Cliith
Co. Bhile Áth Cliith, Éire

E: sustainability@daa.ie

T: 353 1 81 44401

NÓTA: Níor chóir an doiciméad seo a chur i gcló ach amháin nuair is gá sin agus ar pháipéar athchúrsáilte atá deimhnithe ag PEFC nó FSC.

Clár

Réamhrá	4
1.0 An Beartas Inbhuanaitheachta	5
2.0 Cuidiú Eacnamaíoch	6
3.0 Sóisialta	9
4.0 Ionad Oibre	15
5.0 Eispéireas an Phaisinéara	20
6.0 Comhshaol	24
7.0 Dearadh & Foirgníocht	32
8.0 Torann	34
9.0 Caighdeán an Aeir	36
10.0 An Ghaeilge	37

Réamhrá



Fáilte go Nuashonrú Inbhuanaitheachta an daa 2015

Is é Aerfort Bhaile Átha Cliath an príomhgheata idirnáisiúnta d'oiléan na hÉireann, a cheanglaíonn muid le breis is 180 ceann scríbe i 40 tír ar cheithre cinn d'ilchríocha. Cuidíonn an t-aerfort go mór leis an ngeilleagar trí 97,400 post nó mar sin agus 4% den OTI a sholáthar. Braithimid ar dhaoine inár bpobail áitiúla agus réigiúnacha chun an t-aerfort a oibriú gach lá; ní hamháin ar son an daa ach ar son gach gnóthais eile ata suite anseo agus a bhraitheann ar an aerfort.

Ina fhianaise sin is mian linn cuidiú dearfach a sholáthar trí ghníomhaíochtaí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil. Is den tábhacht dúinn an inbhuanaitheacht, ní amháin i bhfianaise ár ngealltanais comhshaoil ach ina theannta sin sa chaidreamh a bhíonn againn leis na pobail ina bhfuilimid ag oibriú.

Sa nuashonrú seo, tugaimid cuntas ar an tslí ina bhféachann an daa le hoibriú ar shlí inbhuanaithe atá tíosach ar acmhainní. Gheofar sonraí na ngníomhaíochtaí a rinneamar in 2015, a bhí inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil de agus atá freagrach go sóisialta, agus formharc ar na staitisticí agus na figiúirí lena mbaineann. Cuirimid i láthair, leis, cuid de na tionscnaimh atá á gcur chun feidhme ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí agus a chabhraíonn chun an clár oibre inbhuanaitheachta a chur ar aghaidh. Le cinntiú go bhfuilimid "Ag Taisteal i dtreo na hInbhuanaitheachta", féachaimid le cinntí a dhéanamh ar shlí iomlánaíoch, a chuirfidh nithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil san áireamh go cothrom.

In 2015, choimeád Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí rangú dearfach i gclár stádais Laghduithe Creidiúnaithe Leibhéal 2 de Chomhairle Idirnáisiúnta na nAerfort (ACI) trína bhféachtar le hastaíochtaí carbóin na n-aerfort a laghdú. Ciallaíonn sin go bhfuil an dá aerfort ag laghdú a gcuid astaíochtaí iomlána agus a lorg coise carbóin i gcónaí. I Samhain 2015, shroich Aerfort Bhaile Átha Cliath a sprioc gan dramhaíl ar bith a chur go líonadh talún, agus táimid i gcónaí ag lorg bealaí nua chun rátaí athchúrsála an aerfoirt a mhéadú.

Oibrímid i ndlúthchomhar i gcónaí leis na pobail mórthimpeall na n-aerfort againn, m.sh. ag cur tacaíocht ar fáil do chlár mheantóireachta a éascaíonn saoráilthe ón daa i scoileanna sa chomharsanacht agus d'urraíocht ar imeachtaí agus ar chlubanna spóirt áitiúla.

Is príomh-ardán do rannpháirtíocht na foirne i gcónaí é scéim charthanais fhoireann an daa. Tá an fhoireann tiomanta go mór don scéim seo ó thosaigh sé in 2007 agus is údar mórtais dúinn gur bailíodh os cionn €1.75 milliún do charthanais in Éirinn ó

bunaidh í. In 2015, fuair Cumann Galar Parkinson na hÉireann, Ospidéal na Leanaí i Sráid an Teampaill agus an tAonad Diaibéitis in Ospidéal Mhuire, Croimghlinn €80,000 an ceann. Anuas air sin, bhailigh fhoireann Aerfort Chorcaí airgead in 2015 dá gcarthanais áitiúil, Club Leanaí Ospidéal Chathair Chorcaí.

Geallann an daa seirbhís agus luach den scoth a thabhairt dár bpaisinéirí agus dár gcomhpháirtithe gnó. Chun an fhís sin a fhóru, bailíonn an daa aiseolas ó phaisinéirí ar bhonn leanúnach. In 2015 thugamar isteach an Clár um Fheabhsú Thuras an Phaisinéara in Aerfort Bhaile Átha Cliath chun na foinsí éagsúla aiseolais ó phaisinéirí a bhailímid a úsáid chun feabhsú leanúnach a dhéanamh ar an tseirbhís uainn. Mar aitheantas don ghealltanais sin seirbhís eisceachtúil a sholáthar do phaisinéirí, bhí áthas ar Aerfort Bhaile Átha Cliath an chéad áit a bhaint amach san Eoraip ina chatagóir (15-25 mhiliún paisinéir sa bhliain) don bhliain 2015 ó Chomhairle Idirnáisiúnta na nAerfort (ACI) sna Duaiseanna do Chaighdeán Seirbhíse sna hAerfoirt (ASQ). Is clár domhanda tagarmharcála é sin a thomhaiseann sástacht paisinéirí agus iad ag taisteal trí aerfort. I Meitheamh 2015, fuair Aerfort Chorcaí ardmholadh ag an 11ú Gradaim na hEorpa don Aerfort is Fearr de chuid an ACI; moladh é sa chatagóir 'faoi bhun 5 mhiliún paisinéir'. Lenár bhfeidhmchláir mhóibíleacha is féidir linn eispéreas an phaisinéara a bhreisiú tuilleadh agus b'údar mórtais don daa in 2015 gradaim domhanda teicneolaíochta a bhuachan ar son feidhmchláir mhóibíleacha Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí araon.

Ag féachaint amach romhainn, beidh sé rithábachtach acmhainn bhreise rúidbhealaigh a chur ar fáil le gur féidir leis an aerfort leanúint den fhás agus den fhorbairt. Cuid de Phleananna Forbartha Limistéir Áitiúil agus Contae ó na 1970idí i leith ab ea an Rúidbhealach Thuaidh. A bhui le réamheolas agus le planáil chúramach den scoth, chosnaíomar an talamh don fhorbairt seo le 40 bliain anuas, ionas go mbeifear in ann an rúidbhealach a chur ar fáil ó bhunachar talún an aerfoirt. Deonaíodh an cead planála reatha le 31 coinníoll ceangailte leis. Tá sé ráite againn roimhe seo go bhfuil dhá cheann de na coinníollacha seo dochraideach agus go laghdódh siad go mór cumas oibríochtúil an aerfoirt ag buaithréimhsí. Tá impleachtaí aige sin dár gcumas tacú le fás ar thrácht ag an aerfort amach anseo agus táimid ag féachaint ar bhealaí le hé sin a réiteach. Is eol dúinn go rímhaith go gcaithfear riachtanais náisiúnta agus áitiúla a chur san áireamh go cothrom le riachtanais na bpobal áitiúil agus oibreimid i ndlúthchomhar lenár gcomharsana maidir leis an tionscadal seo.

Féachaimid le prionsabail dearaídh inbhuanaithe den chleachtas is fearr a chur chun feidhme, chomh maith le síor-iarrachtaí a dhéanamh chun an inbhuanaitheacht a chur san áireamh agus na foirgnimh agus an bonneagar sibhialta á bpleanáil, á soláthar agus á dtógáil. Cinnteoidh sin go gcuirfimid saoráidí ar thús cadhnaíochta ar fáil, a fhreastalóidh ar riachtanais ár gcustaiméirí agus an phobail i gcoitinne agus ag an am céanna a chosnóidh an timpeallacht ina maireann agus ina n-oibríonn mórchuid dár bpaisinéirí agus dár bhfoireann.

Kevin Toland

Príomhfheidhmeannach

1.0 An Beartas Inbhuanaitheachta

Príomhchuspóir de chuid an daa is ea an inbhuanaitheacht, is eol dúinn go gcaithfear a riachtanaí go náisiúnta atá bonneagar aerfoirt a chur san áireamh go cothrom leis an ngá atá leis an tionchar ar an gcomhshaol agus ar na pobail oibríochtaí an aerfoirt a íoslaghdú. Is eol dúinn go bhfuil sé de fhreagracht orainn an tionchar a bhíonn againn ar fhostaithe, comharsana, pobail i gcoitinne agus an comhshaol a íoslaghdú. Ní mór fás eacnamaíoch a chur ar fáil mar aon le bainistíocht chomhshaoil den scoth agus a bheith inár gcomharsana maithe dár bpobail áitiúla.

Ó cheann ceann 2015 bhí an daa ag obair i ndlúthchomhar leis na pobail mórtimpeall na n-aerfort, ag tacú le cláir éagsúla, lena n-áirítear cláir mheantóireachta i scoileanna áitiúla, urraíocht ar chlubanna áitiúla spóirt agus ar imeachtaí pobail. Is ardán ar leith é scéim charthanas an daa chun go mbeidh an fhoireann rannpháirteach i bpobail áitiúla.

An Beartas Inbhuanaitheachta

We aim to be a responsible airport operator by Féachaimid le haerfort freagrach a chur ar fáil trína thionchar ar an gcomhshaol agus ar na comharsana is gaire dúinn a íoslaghdú, agus trí thacú le fás eacnamaíoch agus trí rannchuidiú ar bhealach dearfach leis an tsochaí ina bhfuilimid ag feidhmiú. Maidir le hoibriú aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, seo hiad ár spriocanna:.



- Cur le fás eacnamaíoch na hÉireann trí na haerfoirt a fhorbairt;
- Timpeallacht agus áiseanna sábháilte a chur ar fáil d'fhostaithe agus do chuairoteoirí;
- Ionchur dearfach a bheith againn sa phobal ina bhfuilimid ag feidhmiú;
- Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a laghdú;
- Caomhnú uisce a mhéadú;
- Fuíoll a íoslaghdú agus a oiread fuíll agus is féidir a athúsáid agus a athchúrsáil;
- Úsáid táirgí agus seirbhísí atá neamhdhíobhálach don timpeallacht agus don tsochaí a mhéadú;
- Cleachtais inbhuanaithe a chur in iúl agus chun cinn i measc úsáideoirí uile na n-aerfort agus sa phobal i gcoitinne;
- Pleanáil, dearadh, soláthar agus foirgníocht inbhuanaithe a bheith mar chuid dhílis de thionscadail;
- An truailliú a chosc, reachtaíocht bhainteach chomhshaoil a chomhlíonadh agus dea-chleachtas bainistíochta timpeallachta a chur chun cinn; agus
- An inbhuanaitheacht a chomhtháthú i mbeartais, próisis agus comhaontuithe bainteacha.

2.0 Ionchur Eacnamaíochta

FREASTALAÍONN AERFOIRT BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS CHORCAÍ AR LIMISTÉIR LÁIDRE BHEOGA: CÉAD CHATHAIR AGUS DARA CATHAIR PHOBLACHT NA HÉIREANN AGUS A GCÚLTÍORTHA MÁGUAIRD. INNILL D’FHÁS EACNAMAÍOCH IS EA NA HAERFOIRT INA RÉIGIÚIN FAOI SEACH AGUS AR SON NA HÉIREANN INA HIOMLÁINE.

Is cuideachta bainistíochta aerfoirt faoi úinéireacht stáit é an daa, a fhostaíonn os cionn 3,000 duine agus a raibh €680 milliún de láimhdeachas grúpa aige in 2015. Dírfonn oibríochtaí Éireannacha na cuideachta ar bhainistíocht agus ar fhorbairt Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.

Déanann an ARI (Aer Rianta International) infheistíochtaí thar lear in aerfoirt agus i miondíol aerfoirt. Soláthraíonn daa International (daaI) bainistíocht idirnáisiúnta aerfoirt, seirbhísí comhairleacha agus oiliúint eitlíochta. Seachadann géag oiliúna daaI, Acadamh Oiliúna Eitlíochta Idirnáisiúnta Bhaile Átha Cliath (DIATA), raon clár oiliúna eitlíochta i margadh na hÉireann agus i margaí idirnáisiúnta, leis. Tairgeann Car Parks International, a bhfuil ceannáras acu sna Stáit Aontaithe, seirbhísí comhairleoireachta agus bainistíochta carrchlóis.



Clochmhílte Aerfort Bhaile Átha Cliath 2015:

-  Cheiliúir Aerfort Bhaile Átha Cliath a 75ú breithlá, ós rud é go bhfuil sé i mbun oibre ó 1940 i leith.
-  Bhí a 5ú breithlá ag Críochfort 2, tar éis fáilte a fhearadh roimh 46 milliún paisinéirí ó osclaíodh é.
-  Bhí an bhliain ba ghnóthaí riamh ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus thaistil 25 milliún paisinéirí tríd an aerfort. Ba í 2015 an cúigiú bliain fáis as a chéile d'Aerfort Bhaile Átha Cliath. Mhéadaigh líon na bpaisinéirí de 15% agus ba é 3.3 milliún an méadú ar phaisinéirí a d'úsáid an t-aerfort i gcomparáid le 2014.
-  Sháraigh líon na bpaisinéirí aistrithe aon mhilliún, ag cur paisinéirí a d'aistrigh nó a rinne idirthuras trí Aerfort Bhaile Átha Cliath san áireamh, agus ba churiarracht nua é sin, leis. Mhéadaigh paisinéirí aistrithe de 27% ón mbliain 2014 agus mol suntasach d'aistrithe trasatlantacha á dhéanamh d'Aerfort Bhaile Átha Cliath.
-  Sháraigh líon na bpaisinéirí a bhain leas as áiseanna Réamh-Imréitigh SA ag Aerfort Bhaile Átha Cliath 1 mhilliún duine le linn 2015. Sháraigh líon na bpaisinéirí a bhain leas as áiseanna Réamh-Imréitigh SA ag Aerfort Bhaile Átha Cliath 1 mhilliún duine le linn 2015.

2.1 Fás in 2015

D'fhás Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2015 ag ráta a bhí a trí oiread níos mó ná an meán Eorpach agus bhí sé i gcomhpháirt sa cheathrú háit as fás i líon na bpaisinéirí in aerfoirt Eorpacha, de réir Chomhairle Idirnáisiúnta na nAerfort (ACI).

Ba iad 23 bealach nua agus acmhainn bhreise ar 40 seirbhís a bhí ann roimhe a thug an méadú ar líon na bpaisinéirí in Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2015. Bhí eitiltí díreacha ag Aerfort Bhaile Átha Cliath go 170 ceann scríbe sceidealaithe agus cairte i 38 tír ar cheithre cinn de mhórchríocha. Ba é Baile Átha Cliath go Londain an bealach ba ghnóthaí san Eoraip agus an dara bealach ba ghnóthaí ar domhan. Seoladh cúig cinn de bhealaí nua cianaistir ag Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2015 agus 18 mbealach gearraistir. Is beag aerfort san Eoraip a bhfuil nasc aige atá chomh maith le naisc Bhaile Átha Cliath leis an mBreatain agus le SAM. Dea-scéala ab ea é d'Aerfort Chorcaí sa ráithe dheireanach de 2015 gur

fillleadh ar an bhfás. Laghdaigh líon na bpaisinéirí ag Aerfort Chorcaí de 3% go 2.1 mhilliún in 2015. In 2015, d'fhreastail Aerfort Chorcaí ar 42 cheann scríbe le 36 seirbhís sceidealaithe, agus bhain cúig cinn d'aerlínte sceidealaithe agus 15 aerlíne úsáid as an aerfort. Ghnóthaigh Aerfort Chorcaí trí cinn de chustaiméirí nua aerlíne in 2015: Flybe, CityJet agus Iberia Express, mar aon le naoi bhfógra maidir le bealaí nua deimhnithe ar a n-áirítear CityJet go hAerfort Chathair Londain agus Flybe go Caerdydd. Tá ceann de na críochfoirt is nua-aimseartha san Eoraip ag Aerfort Chorcaí, tairgeann sé nascthacht le deisceart na hÉireann agus is eilimint riachtanach é d'fhás agus d'fhorbairt an réigiúin.

Bronnann Stiúrthóir Bainistíochta Aerfort Bhaile Átha Cliath, Vincent Harrison, cóipeanna den staidéar ar an Tionchar Eacnamaíoch ar Shíobhan Kinsella, Uachtarán Chumann Tráchtála Fhine Gall; Paul Reid, PF Chomhairle Contae Fhine Gall; agus Tony Lambert, PF Chumann Tráchtála Fhine Gall.



2.2 Tionchar Eacnamaíoch

Freastalaíonn Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí ar limistéir láidre bheoga: céad chathair agus dara cathair Phoblacht na hÉireann agus a gcúltíortha máguaird. Innill d'fhás eacnamaíoch is ea na haerfoirt ina réigiúin faoi seach agus ar son na hÉireann ina hiomláine. Is in Aerfort Bhaile Átha Cliath atá beagnach an cúigiú cuid d'fhostaíocht iomlán Fhine Gall lonnaithe agus tá os cionn 120 fiontar ag feidhmiú in earnálacha amhail eitlíocht, lóistíocht, lónadóireacht agus óstáin. Is ríshuntasach an méid a chuireann na haerfoirt le geilleagair na réigiún agus na hÉireann.

Aibhsíodh a rithábhachtaí atá na haerfoirt don gheilleagar náisiúnta i staidéar a ullmhaíodh ar son an daa, staidéar dar teideal: The Economic Impact of Dublin and Cork Airports (Tionchar Eacnamaíoch Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí). Cuireadh an staidéar i láthair i mBealtaine 2015 ag cruinniú de gheallsealbhóirí aerfoirt, lena n-áirítear aerlínte, ionadaithe turasóireachta agus ionadaithe thionscal na n-óstán agus ceannairí áitiúla gnó.

Tuairiscíodh sa tuarascáil go dtacaíonn Aerfort Bhaile Átha Cliath le 97,400 post i ngeilleagar na hÉireann, agus go gcuireann sé €6.9 bhilliún le OTI na tíre. Áirítear ansin:

- Poist dhíreacha a cruthaíodh ag an aerfort agus i ngnóthais ghaolmhara: 15,700
- Poist indíreacha a cruthaíodh i ngnóthais a sholáthraíonn earraí agus seirbhísí do na haerfoirt nó a thacaíonn leo: 9,600.
- Poist sa gheilleagar ginearálta de bharr a gcaitheann fostaithe ar earraí agus ar sheirbhísí: 12,000
- Soláthraíonn an nascthaight a chuireann Aerfort Bhaile Átha Cliath ar fáil 60,100 post eile, i dtaca le turasóirí a mhealladh, trádáil agus infheistíocht a éascú agus cur le fás an

gheilleagair náisiúnta agus réigiúnaigh.

Rud eile a aibhsíodh sa tuarascáil ná an ról rithábhachtach atá ag Aerfort Chorcaí i ngeilleagar dheisceart na hÉireann agus an tionchar díreach atá aige ar thurasóireacht, trádáil, infheistíocht agus táirgiúlacht sa réigiún. Fuarthas nach mbeadh geilleagar réigiúnach na Mumhan chomh mór, chomh rachmasach ná chomh héagsúil agus atá sé inniu, gan Aerfort Chorcaí.

Ranníocann Aerfort Chorcaí €727 milliún in OTI, arb ionann é agus 2.2% de gheilleagar iomlán an iardheiscirt. Cuimsíonn sin €134 milliún as poist dhíreacha, €82 milliún as poist indíreacha, agus €511 milliún eile i mbuntáistí iarmharacha. Tacaíonn Aerfort Chorcaí le breis is 10,700 post sa réigiún. Tuairiscíodh, leis, go bhfuil 1,920 duine fostaithe go díreach ag an aerfort, lena n-áirítear iad siúd a oibríonn le haerlínte, iompar talún, láimhseáil, cothabháil, bia agus deoch, cuideachtaí lóistíochta, gníomhaireachtaí rialtais agus óstáin.

Is léir a thábhachtaí atá Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí don gheilleagar agus cuirfear buntáistí breisithe eacnamaíocha ar fáil ach forbairt leanúnach a dhéanamh ar an dá aerfort.

I Lúnasa 2015, d'fhoilsigh an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt 'A National Aviation Policy for Ireland' (Beartas Náisiúnta Eitlíochta d'Éirinn). Sa doiciméad seo, d'aithin Rialtas na hÉireann a thábhachtaí atá an eitlíocht d'Éirinn agus d'athneartaigh sé a ghealltanais chun timpeallacht a chruthú inar féidir leis an tionscal a chumas a uasmhéadú ar mhaithe leis an ngeilleagar i gcoitinne. Aibhsíodh, leis, an méid a chuireann an earnáil eitlíochta le geilleagar na hÉireann, ó thaobh a chuireann sé leis an OTI agus an méid fostaíochta a ghintear tríd. Admhaíodh, os rud é gur geilleagar oileáin muid, go bhfuil an eitlíocht riachtanach dár dtionscal turasóireachta, dár gcaidreamh trádála agus chun Éire a cheangal leis an domhan mór.

3.0 Sóisialta Eacnamaíoch

IS PRÍOMH-ARDÁN DO RANNPHÁIRTÍOCHT NA FOIRNE LENÁR BPOBAIL ÁITIÚLA É SCÉIM CHARTHANAIS FHOIREANN AN DAA. TÁ SÉ I BHFEIDHM Ó 2007 AGUS BAILÍODH OS CIONN €1.75 MILLIÚN DO CHARTHANAIS IN ÉIRINN Ó BUNAÍODH Í.

Tá ár gcuid aerfort fréamhaithe go domhain sna pobail máguaird agus cónaíonn mórchuid den fhoireann láimh leis an aerfort. Tá obair an daa sa phobal ina ndlúthchuid dár gcultúr.

B'údar áthais d'Aerfort Bhaile Átha Cliath Duais Fhreagracht Chorporáideach um Fhorbairt ar Dhaoine a bhuachan ag Gradaim Sár-iarracht Ghnó & Freagracht Chorporáideach Bhaile Átha Cliath Fhine Gall 2015. Is aitheantas é an duais do chuideachtaí a léiríonn fócas láidir ar Fhreagracht Shóisialta Chorporáideach agus a thugann deiseanna dá bhfostaithe chun dul i mbun oibre in éineacht le agus ar son an phobail agus na timpeallachta áitiúla. Ar na gníomhaíochtaí tá obair saorálaithe a mhisniú, caidreamh a chothú, agus cumarsáid a chur chun cinn le gur féidir le fostaithe cuidiú go suntasach leis

an gceantar áitiúil. Ar na gníomhaíochtaí tá obair saorálaithe a mhisniú, caidreamh a chothú, agus cumarsáid a chur chun cinn le gur féidir le fostaithe cuidiú go suntasach leis an gceantar áitiúil. Is é ár n-aidhm daoine óga a spreagadh chun fanacht ar scoil agus a gcuid oideachais a chríochnú. Féachtar, tríd ár gcláir, le daoine óga a spreagadh trí léargas ar dhomhan an ghnó agus na heitlíochta a chomhroinnt leo. In 2015, chun na spriocanna sin a bhaint amach, leanamar dár gcomhpháirtíochtaí le hÉacht Shóisear Éireann, Comhpháirtíocht Ghnó Scoileanna de chuid Ghnó sa Phobal (BITC) agus Feasacht ar an Uathachas. Ina theannta sin, tá banda riosta agus láinnéir 'Important Flyer' tugtha isteach ag an daa chun tacú tuilleadh le Feasacht ar an Uathachas.



3.1 Pobal

Cás-Staidéar: daa agus Coláiste Pobail Naomh Fionán

Ba é 2015 an deichiú bliain don daa a bheith bainteach le Comhpháirtíocht Ghnó Scoileanna de chuid Ghnó sa Phobal. Soláthraíonn Clár BITC Skills@Work léargas do scoláirí ar shaol na hoibre. Le deich mbliana anuas, bhí daa ina chomhpháirtí le Coláiste Pobail Naomh Fionán i Sord in aice láimhe i gceann de na comhpháirtíochtaí is mó ratha sa scéim. D'éascaigh foireann an daa ceardlanna do scoláirí mar chuid den scéim, trína bhfoghlaímíonn na scoláirí faoin daa agus faoina ghnó. Áirítear leis na seisiúin cuairteanna ar shuíomhanna, cainteanna 'Lá amháin i Saol', ullmhú CV agus agallaimh, agallaimh bhréige, forléargas ar an gcuideachta, seisiúin achoimre agus i roinnt cásanna seisiún roghnach ag díriú ar chúrsaí amhail cúram do chustaiméirí, obair bhuíne nó béasaíocht ghnó.

In 2015 thug grúpa de 40 scoláire Ghairmchlár na hArdteistiméireachta ón scoil cuairt ar an aerfort mar ar tugadh buneolas dóibh ar ghnó an aerfoirt sular tugadh iad ar thaobh an aeir le haghaidh turais ar áiseanna nua miondíola Chríochfort 1. In 2015 thug grúpa de 40 scoláire Ghairmchlár na hArdteistiméireachta ón scoil cuairt ar an aerfort mar ar tugadh buneolas dóibh ar ghnó an aerfoirt sular tugadh iad ar thaobh an aeir le haghaidh turais ar áiseanna nua miondíola Chríochfort 1. Aibhsíodh a thábhachtaí atá sé a bheith díograiseach agus fonn chun foghlama a léiriú. Thug an fhoireann mhiondíola treoir den scoth dóibh tríd an Lúb, mar a bhfuair siad léargas tarraingteach ar oibríocht mhór dá leithéid a rith. Díríodh ar shiopa milseán Candy Cloud, a bhfuil duaiseanna buaite aige, mar bhuaicphointe ar leith. Tríd an gclár Skills@Work, tá an daa ag cabhrú le scoláirí ón scoil an bhearna idir an t-oideachas agus domhan na hoibre a thrasnú.

Cás-Staidéar: Éacht Sóisear Éireann

Tacaíonn an daa le hÉacht Sóisear Éireann, an eagraíocht neamhbhrabúis is mó sa tír, a dhéanann saorálaithe ón ngnó a earcú, a oiliúint agus a thacú chun cláir sa seomra ranga a éascú, trína gclúdaítear téamaí mar an infhostaitheacht, litearthacht airgeadais, an luach a ghabhann le staidéar a dhéanamh ar ábhair STEM agus scileanna fiontraíochta do scoláirí.

In 2015, chuir saorálaithe ón daa meantóireacht ar

fáil do 'Foireann Ríomhchláraithe na hÉireann' ó Choláiste Pobail na Gráinsí, Domhnach Míde. In 2015, chuir saorálaithe ón daa meantóireacht ar fáil do 'Foireann Ríomhchláraithe na hÉireann' ó Choláiste Pobail na Gráinsí, Domhnach Míde.

Cás-Staidéar: Cath an Leabhair

Lean an daa in 2015 de bheith ag obair i dteannta le Leabharlanna Fhine Gall chun tacú le tionscnaimh léitheoireachta do pháistí scoile áitiúla. Cuirtear na tionscnaimh seo i gcrích mar fhreagairt ar Straitéis Náisiúnta Litearthachta na Roinne Oideachais agus Scileanna trína n-aithnítear a thábhachtaí atá sé scileanna litearthachta a fheabhsú i measc daoine óga.

In 2015, thug 185 pháiste ó shé cinn de scoileanna i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath cuairt ar Aerfort Bhaile Átha Cliath chun páirt a ghlacadh i dtionscnamh léitheoireachta dar teideal 'Cath an Leabhair' a ritheann Leabharlanna Fhine Gall. Urraíonn Aerfort Bhaile Átha Cliath an ócáid bhliantúil seo trína léann leanaí leabhar roghnaithe, agus ansin bíonn sé ina choimhlint idir scoileanna de gach scoil i dtráth na gceist bunaithe ar an leabhar.

Ba é The History Mystery leis an údar Brasaíleach Ana Maria Machado, leabhar na bliana seo. Tá an leabhar suite sa Bhrasaíl sa lá atá inniu ann agus sa tSean-Éigipt araon. Bhí clár imeachtaí spreagúla ag Leabharlanna Fhine Gall do na scoláirí. Labhair ionadaí ón Ard-Mhúsaem leis na scoláirí mar gheall ar an tSean-Éigipt, agus thug ealaíontóir cuairt ar na scoileanna chun domhan Nefertiti, scrollaí paipíre agus na pirimidí a athchruthú. Thug an t-údar cuairt ar na scoileanna, leis. Thug an t-údar cuairt ar na scoileanna, leis.

Ba in Aerfort Bhaile Átha Cliath a bhí tráth na gceist deiridh i láthair Mhéara Fhine Gael, an Comhairleoir Mags Murray. Bhailigh rannpháirtithe ó Scoil Náisiúnta Mhuire, Binn Éadair; Scoil Náisiúnta Cailíní Naomh Colmcille, Sord; Scoil Oideachais le Chéile na Raithní, Baile Bhrigín; Scoil Náisiúnta Sinsearach Naomh Pádraig, Na Sceirí; Scoil Náisiúnta Naomh Muire, Baile Gháire agus Scoil Náisiúnta an Rois agus a lucht tacaíochta ag an aerfort. Tar éis sé bhabhta ceisteanna, fógraíodh Scoil Náisiúnta an Rois ina buaiteoir.



Ceol Nollag

Bhain cóir, cumainn chóirúla agus ceolfhoirne mar aon le scoileanna áitiúla spraoi as bheith ag ceol timpeall an chrainn Nollag sa Halla Teacht Isteach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag. Bhí 32 taibhiú san iomlán ann sa tréimhse suas go hOíche Nollag. Bhí Scoil Náisiúnta Bhaile an Rólaigh, Naomh Mairéad, SN Mhuire Bhanríon na hÉireann, Pobalscoil Phort Mearnóg, SN Shóisearach Naomh Crónán, Scoil an Duinnínigh, Scoil Mhuire Bhaile Átha Troim, agus SN an Tobair Bheannaithe i measc na scoileanna a chuir siamsaíocht ar fáil do chustaiméirí ag an aerfort.

Leanamar lenár ndlúthnasc le scoileanna áitiúla i gCorcaigh in 2015 agus tugadh cuireadh do scoileanna ceol Nollag a chur ar fáil do phaisinéirí le linn thréimhse na Nollag, ag tosú Dé Céadaoin an 9 Nollaig nuair a chan daltaí Ghaelscoil Charraig Uí Leighin ag an aerfort. Ina dhiaidh sin, chualathas ceol Nollag ó Scoil Cailíní Naomh Pádraig, Cnoc Ghairdinéir, Corcaigh, SN San Columba, Dúghlas, Cantairí Bhun an Tábhairne, SN an Gharraí Rua, Scoil Shóisearach Mhuire, Gaelscoil an Teaghlaigh Naofa Bhaile Féitheáin, Scoil Náisiúnta Naomh Muire, An Cóbh, Coláiste Bhaile an Róiste, Scoil Naomh Fionán agus Scoil Bhernadette.

Sa phictiúr thíos: In 2015, iarradh ar pháistí ó bhunscoileanna áitiúla dán a chumadh faoina rogha mí, le spreagadh ó chuid de na príomh-imeachtaí a bhí ar siúl in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá an 12 dhán ab fhearr ar taispeáint i bhféilire speisialta 2016. Cuireadh fáilte roimh na buaiteoirí ag ócáid bhronnta faoin gcrann Nollag i gCríochfort 1

Sa phictiúr thuas: Cath an Leabhair: Daltaí ó gach ceann de na sé scoil rannpháirteacha le Ruben ó RTÉ agus Méara Fhine Gall, Mags Murray.



Sa phictiúr thuas: Ceol Nollag á sheinn do phaisinéirí in Aerfort Bhaile Átha Cliath ag daltaí ó scoileanna áitiúla.



Tacaíocht do Dhídeanaithe na Siria

Tháinig Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí le chéile le Masterlink Logistics, Retail Excellence Ireland, Topaz agus Goal chun freagairt a thabhairt ar ghéarchéim dídeanaithe na Siria. Bunaíodh ionaid buail isteach ionas go bhféadfadh an pobal cabhrú leis an achainí trí rudaí riachtanacha a bhronnadh. De thoradh na hachainí, d'fhág os cionn dhá thonna d'earraí riachtanacha Aerfort Bhaile Átha Cliath ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair ar eitilt de chuid Aerlínte na Tuirce go hIostábul.

Haiceatón Aerfort Chorcaí

I nDeireadh Fómhair 2015 d'óstáil Aerfort Chorcaí an chéad haiceatón in Éirinn ar fhreastail forbróirí, dearthóirí, margóirí agus fiontraithe air. Ba é FlyHackFly cion Aerfort Chorcaí sa Startup Gathering, sceideal d'os cionn 300 imeacht ar fud na tíre in imeacht seachtaine, a thacaigh leis an bhfás in earnáil na ngnólachtaí nuathionscanta in Éirinn. Ba é seo an tríú haiceatón riamh in aerfort ar bith ar domhan agus lean sé imeachtaí rathúla den chineál céanna i San Francisco in 2012 agus imeacht comhóstáilte i bPáras/Amstardam i Meitheamh 2014. Bhí cuid de na meonta fiontraíochta is fearr agus is éirimiúla in Éirinn i láthair ar an ócáid chun smaointe a chomhroinnt agus aiseolas mórluachmhar a bhailiú ó phaisinéirí. Dhírigh na tionscadail ar fhadhbanna laethúla taistil, ar nós scuainí, iompar agus córais chliste aerfoirt. Bhí Aerfort Chorcaí riamh chun tosaigh ar a chomh-aerfoirt ó thaobh úsáid nuálach a bhaint as an teicneolaíocht. Ba é an chéad aerfort ar domhan le gné rialaithe eitiltí Flightradar 24 a sheoladh ar a Fheidhmchlár Móibíleach chomh maith le leas a bhaint as an teicneolaíocht is déanaí chun eispéireas an phaisinéara, eispéireas a bhfuil duaiseanna buaite aige, a bhreisiú ag Aerfort Chorcaí.

Sa phictiúr thíos:

Priomhfheidhmeánach an daa, Kevin Toland, in éineacht le Helena Bibby, as Sráid an Teampaill, Paula Gilmore, ó Chumann Galar Parkinsons, Tom Walsh, ar son Aonad Diaibéitis Ospidéal Mhuire, Croimghlinn, agus Brendan Lavin ó choiste carthanais an daa.

Sa phictiúr ar dheis:

Fergus Murphy, Plus10; Kevin Cullinane, Aerfort Chorcaí; Blaine Doyle, glowdx.com; Philip Mngadi, foundersmarket.com; agus Will Martin, liveduel.com ag Seoladh Haiceatón Chorcaí



3.2 Carthanas Foirne an daa

Is príomh-ardán do rannpháirtíocht na foirne lenár bpobail áitiúla é scéim charthanais fhoireann Aerfort Bhaile Átha Cliath. In 2015, fuair Cumann Galar Parkinson na hÉireann, Ospidéal na Leanaí i Sráid an Teampaill agus an tAonad Diaibéitis in Ospidéal Mhuire, Croimghlinn, €80,000 an ceann, de thoradh roinnt tionscnamh bailithe airgid de chuid na foirne.

I mBealtaine 2015 bhí foireann iomraimh Stáisiún Póilíní agus Dóiteáin Aerfort Bhaile Átha Cliath ar an gcéad dream a d'iomair bád ó Éirinn go dtí an Fhrainc, turas a rinne siad ón nDún Mór Thoir go dtí an Bhriotáin i mbád fada Ceilteach 17 troigh darb ainm an Endeavour. Seisear fear déag agus bean amháin a bhí sa chriú agus bhailigh siad €50,000 do charthanais an daa. Bhí farraigí arda le treabhadh anois is arís ar an turas 500 km bealach Na Scili agus bhí cuid de na tonnta chomh hard le 2.8 méadar. Tar éis 56 uair an chloig a chaitheamh ag iomramh go dian, chuir muintir na háite fáilte mhór roimh an Endeavour agus a chriú nuair a bhain siad port Briotánach Landeda amach. Tá €100,000 bailithe ag Club Iomraimh APFS ó 2011 ar son charthanais an daa. Caitheann foireann Aerfort Chorcaí vóta gach bliain chun Carthanas na Bliana

Sa phictiúr thíos: Foireann iomraimh Phóilíní agus Stáisiún Dóiteáin Aerfort Bhaile Átha Cliath lena mbád iomraimh, The Endeavour.



a roghnú. Ba é Club Leanaí Ospidéal Chathair Chorcaí rogha na foirne in 2015. Grúpa saorálaithe a bhunaigh Club Leanaí Ospidéal Chathair Chorcaí in 1992, agus a thug grúpa leanaí tuillteacha ar thuras uair amháin sa saol chun na Laplainne. Ó cheann ceann na bliana tugann Club Leanaí Ospidéal Chathair Chorcaí leanaí breoite agus leanaí fiúntacha ó Ospidéal Ollscoil Chorcaí, Ospidéal na Trócaire, Ospidéal Naomh Gabriel agus Cumann Chorcaí na mBodhar ar thurais, lena n-áirítear ceann go Disneyland Pháras ó Aerfort Chorcaí, chomh maith le himeachtaí spraiúla spreagúla a óstáil.

I Samhain 2015, rinne 1,500 reathaí meán oíche rás 5 chiliméadar ar rúidbhealach Aerfort Chorcaí chun folláine mheabhairshláinte a chur chun cinn. Gluaiseacht ar mhaithe le folláine is ea A Lust For Life (Cíocras ar son na Beatha) a fhéachann le tacú le daoine chun go mbeidís níos acmhainní agus níos folláine ina meabhair agus le huirilís praiticiúla a thaispeáint a chabhródh chun dúshláin an tsaoil a sheasamh. Thosaigh an ócáid ag nóiméad roimh an meán oíche agus bhí deis acu siúd a ghlac páirt ann amharc iomlán difriúil a fháil ar Aerfort Chorcaí.

Sa phictiúr thíos: Ullamh agus réidh, Bressie i gcuideachta Martha Callanan, Aonad Cuardaigh Aerfort Chorcaí, agus Peter Ronayne, Seirbhís Dóiteáin Aerfort Chorcaí, ag seoladh na hócáide.



Tacaíonn an daa le hiompar poiblí saor ar chiníochas mar chuid de mhórfheachtas feasachta ar bhusanna, traenacha, tramanna agus i stáisiúin trasna na cathrach. Bunaíodh an feachtas de thoradh comhpháirtíochta idir Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, an tÚdarás Náisiúnta Iompair, soláthraithe iompair agus an Chomhairle um Inimircigh na hÉireann. Cuireadh póstaer in airde ag breis is 1,000 suíomh ar fud líonra iompair poiblí Bhaile Átha Cliath, Aerfort Bhaile Átha Cliath ina measc. Is deis é an feachtas seo chun feasacht ar chúrsaí ciníochais a mhéadú tuilleadh, ní hamháin ar iompar poiblí ach sa phobal i gcoitinne.



4.0 Ionad Oibre

CHUN TACÚ LE FORBAIRT GHAIRMIÚIL LEANÚNACH,
TÁ TEACHT AG FOIREANN AN DAA AR SHRAITH
CHUIMSITHEACH CLÁR OILIÚNA AGUS FORBARTHA
AGUS AR CHÓITSEÁIL AGUS MEANTÓIREACHT.

4.1 Rannpháirtíocht agus Caidreamh le Fostaithe


Tionóltar seisiúin faisnéise foirne "Halla an Bhaile" ar a laghad trí huaire sa bhliain. Is é an Príomhfheidhmeannach againne a óstálann na seisiúin in áiteanna éagsúla ar fud champais Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. Is é cuspóir na seisiún deis a thabhairt don fhoireann nuashonruithe gnó a fháil go rialta, ceisteanna a chur agus cumarsáid dhíreach a dhéanamh leis an bPríomhfheidhmeannach.

Déantar suirbhé ar an bhfoireann gach bliain chun cabhrú linn ár sprioc a chomhlíonadh maidir le hionad oibre den scoth a dhéanamh den daa. Comhroinntear torthaí na suirbhéanna leis an bhfoireann ag seisiúin mhionteagaisc ionas go mbíonn deis ag an bhfoireann na torthaí a bhaineann lena réimsí féin a bhreithniú. Bunaítear pleananna maidir le feabhsú leanúnach ar thorthaí na suirbhéanna.

Toghann ár bhfostaithe oibrithe is stiúrthóirí go díreach ar bhord an daa faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go 2001.

Cuireadh Beartas Rialachais Chorporáidigh nua (na hÚdaráis Tarmiligthe san áireamh) chun feidhme i Márta 2014. Bliain amháin níos déanaí, rinneadh athbhreithniú chun aiseolas a fháil ón ngnóthas ar cé mar a bhí ag éirí leis an bplean ar an talamh. Rinneadh roinnt leasuithe ag éirí as an aiseolas a fuarthas. Cheadaigh an Bord an Beartas Rialachais Chorporáidigh nuashonraithe dá éis an 20 Márta, 2015.

Ar Láthair na hOibre
Sa phictiúr ar dheis:
fealsúnacht oiliúna an daa.



4.2 Luachanna

Is iad foireann an daa a cheapann luachanna an daa ar son fhoireann an daa. In 2014 a glacadh ár luachanna i dtús báire. Feidhmíonn na luachanna seo mar DNA i bpáirt i gceartlár gach ceann dár ngníomhartha agus dár modhanna iompair. Is iad ceithre cholún éiteas luachanna na cuideachta:

- Ar Fheabhas sna Bunrudaí
- Meas a Léiriú ar Luachanna a Chéile
- An Bata, agus ní an Fhreagracht, a Chur ar Aghaidh
- Níos Fearr i gCónaí

Leanadh dár luachanna a dhaingniú in 2015 trí 101 Ambasadóirí Luachanna a cheapadh agus an treoir ‘Ainmnigh é’ a fhorbairt.



**AR FHEABHAS SNA
BUNRUDAÍ**



**MEAS A LÉIRIÚ
AR LUACHANNA A
CHÉILE**



**AN BATA, AGUS NÍ AN
FHREAGRACHT, A CHUR
AR AGHAIDH**



**NÍOS FEARR I
GCÓNAÍ**

Cás-Staidéar: Rannpháirtíocht Fostaithe: Ambasadóirí Luachana

Cuireadh oiliúint ar 101 ball foirne ó ranna éagsúla den ghnóthas mar Ambasadóirí Luachanna go déanach in 2014. Is é an ról atá acu seisiúin luachanna a óstáil le comhghleacaithe foirne ina ranna féin.

In Aibreán 2015, eagraíodh an chéad Fhóram d'Ambasadóirí Luachanna agus d'fhreastail baill foirne go deonach air nó ainmníodh iad don ról. Bhí PF an daa, Kevin Toland, i láthair chomh maith. Vótáil iad siúd a bhí i láthair ar son bhuaiteoirí chéad Duaiseanna Luachanna an daa, bunaithe ar scéalta a bhí curtha isteach ag baill foirne chun luachanna an daa a léiriú i mbun feidhme

4.3 Forbairt Fostaithe

D'fhoillíodh le forbairt ghairmiúil leanúnach, tá fáil ag ár mbaill foirne ar shraith chuimsitheach de chlár oiliúna agus forbartha le cois cóitseála agus meantóireachta. Áirítear ar na samplaí:

- Clár Croí-Scileanna atá oiriúnaithe don daa.
- Clár chóitseála agus meantóireachta.
- Clár do cheannairí daoine ó thaobh bainistíocht feidhmíochta.
- Clár forbartha ceannaireachta do gach leibhéal ó Mhaor go Bainisteoir.

Cás-Staidéar: Forbairt Fostaithe

I mBealtaine 2015, cheiliúir 18 mbainisteoir an daa críoch an chéad Chláir Luasghéaraithe Forbartha Bainistíochta (AMDP). Is cuid dhílis é an próiseas seo de shraith clár forbartha tallainne a dearadh chun cumas agus acmhainneacht ar leibhéal éagsúla den daa a fhorbairt. Tugadh tionscadal ginearálta le déanamh do na rannpháirtithe le linn an chláir deich mí. Eagraíodh ócáid fhoirmiúil mar chlabhsúr ar an gclár agus rinne na rannpháirtithe cur i láthair don fheidhmeannach agus do na haíonna eile ar cuireadh


maidir lena dtionscadail agus a n-aistear pearsanta foghlama. Ní hionann críoch an chláir agus críoch an phróisis, ach tús leis an bhfiorchéim foghlama agus forbartha dóibh siúd ar fad a bhí rannpháirteach. Thug Príomhoifigeach Daoine an daa dúshlán na rannpháirtithe chun úsáid a bhaint as an eolas, na scileanna agus na léargais a bhí faighte acu le linn an chláir chun a gcuid scileanna ceannaireachta féin a bheachtú agus a fhorbairt.

4.4 Éagsúlacht

Aithníonn an daa a thábhachtaí atá an ilchineálacht sa láthair oibre mar léiríonn sí próifíl ilchineálachta Éire an lae inniu agus an phobail taistil a úsáideann ár gcuid aerfort agus ionad miondíola.

Tá Beartas an daa um Dhínit & Chomh-Mheas ag an Obair bunaithe ar an bprionsabal gur den riachtanas é, leis an tseirbhís is fearr is féidir a sholáthar dár gcustaiméirí, go mbraithfeadh gach duine dínn sábháilte agus faoi mheas agus go bhfuil luach linn san áit oibre. Is nuair a chomhlíontar na hionchais bhunúsacha seo a dhéantar an obair is fearr. Déantar an beartas seo a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta agus tá bealaí cuimsitheacha tacaíochta curtha ar fáil. Áirítear orthu 20 imscrúdaitheoir inmheánacha, 33 teagmhálaí ainmnithe agus 19 teagascóir dínite agus comh-mheasa a thraenáil agus a fhorbairt, a leanann de phríomh-mhodúl Dínite & Comh-Mheasa na cuideachta a chur ar fáil do gach fostaí nua agus mar chuid de chúrsaí oiliúna athnuachana ar fud na heagraíochta. Tá Comhordaitheoir Comhionannais an daa freagrach

as cur chun feidhme an bheartais um Dhínit & Comh-Mheas ag an Obair agus cabhrú chun saincheisteanna gaolmhara a réiteach. Anuas air sin, is pointe teagmhála é an Comhordaitheoir Comhionannais do cheisteanna maidir leis an mbeartas. In 2015, seoladh Treoir Iompair 'Ainmnigh é' an daa chun luachanna an daa a dhaingniú tuilleadh. Ceapadh an treoir i gcomhar le hAmbasadóirí Luachanna an daa. Gheofar sa treoir leideanna simplí don fhoireann faoin tslí le hiompar nach bhfuil ag teacht le luachanna an daa a 'Ainmniú'. Ba chóir go dtreoródh ár luachanna ár gcuid iompair i gcónaí. Is é aidhm na treorach an fhoireann a mhisiú chun an fód a sheasamh ar a son féin agus ar son a chéile. Athneartaítear sa treoir an smaoineamh nach iad na rudaí móra amháin is gá a ainmniú mar iompar "amuigh"; ba chóir go mbeadh tionchar aige ar an tslí a chaithimid lena chéile gach lá. Tugtar comhairle sa treoir ar an tslí le hiompar "amuigh" i ndaoine eile a ainmniú ar shlí oiriúnach.



4.5 Sláinte agus Sábháilteacht

Ina cháil mar sholáthraí seirbhísí bainistíochta aerlínte den chéad scoth, geallann an daa bainistíocht ar ardchaighdeán a dhéanamh ar Shláinte agus ar Shábháilteacht. Geallann sé timpeallacht agus áiseanna sábháilte a chur ar fáil dóibh siúd a oibríonn sna haerfoirt agus dóibh siúd ar fad a thugann cuairt ar aerfoirt. Cinnteoidh go mbeidh gach ceann dár ngníomhaíochtaí ar an gcaighdeán sábháilteachta is airde is féidir agus go gcomhlíonfaidh siad caighdeáin náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Tá struchtúir rialachais shábháilte i bhfeidhm agus faigheann Fochoiste Sláinte agus Sábháilteachta an Bhoird tuairiscí ráithiúla ar shaincheisteanna a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht. Soláthraíonn Grúpa Bainistíochta Sláinte agus Sábháilteachta an daa coiste comhairleach don chuideachta chun reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta a athbhreithniú.

Is é ról an choiste dul i gceannas ar cheapadh an bheartais Sláinte agus Sábháilteachta agus dea-chultúr sábháilteachta a chur chun feidhme le cinntiú go mbíonn cur chuige comhsheasmhach ann ar fud an ghnóthais. Gach bliain, déanann an Roinn Sláinte agus Sábháilteachta athbhreithniú riosca leis na príomhaonaid ghnó as a ndéantar nuashonrú ar an bpróifíl riosca. Soláthraíonn sé sin creat don chlár comhlíonta Sláinte agus Sábháilteachta a cheaptar dá éis. Cuimsíonn an clár comhlíonta iniúchtaí agus cigireachtaí as a leanann moltaí a chuirtear chun feidhme. Rinneadh nuashonrú forleathan ar Ráiteas Sábháilteachta an daa in 2015, a shíníonn agus a fhormhuiníonn Príomhfheidhmeannach na cuideachta. Agus an doiciméad á ullmhú, féachadh le treocharlár soiléir a chur i láthair den tslí a mbainistítear sábháilteacht ceirde laistigh den daa. Is doiciméad sothuigthe é an Ráiteas Sábháilteachta a tháinig as sin agus is

daa Safety Statement

4. Safety Promotion

The Safety Statement is built on the four principles of Safety Management. We want you to keep yourselves safe. Report any safety hazard or safety incident you see. Read the safety statement.

1. Safety Policy and Objectives

daa's Safety Policy is signed by the CEO and describes the approach expected of all of us in managing safety.

3. Safety Assurance

- We monitor how safety is managed through inspections and audits.
- Information on safety performance is regularly discussed with safety representatives.
- Safety performance is also discussed with management at all levels in Safety Management Committees.
- Every quarter the CEO and Airport Executives review safety performance information for the company.

2. Safety Risk Management

We work to keep risks to staff, public and visitors as low as reasonably practical. We do this by risk assessing activities to make sure we are taking appropriate steps to keep safe. Talk to your line manager if you need to update a risk assessment for your area.

SAFETY POLICY STATEMENT

SEPTEMBER 2014

daa is committed to providing a safe environment and to the highest standards of safety and security for all those who work with us and for all those who visit our facilities. We are committed to the highest standards of safety and security for all those who work with us and for all those who visit our facilities.


- Throughout this Safety Policy Statement, we use the following terms:
1. **SAFETY** is the state of being free from or protected against harm or danger.
 2. **SAFETY POLICY** is the statement of intent by senior management regarding the approach to safety.
 3. **SAFETY OBJECTIVES** are the measurable outcomes that the organization aims to achieve.
 4. **SAFETY RISK** is the potential for harm or damage to people, property or the environment.
 5. **SAFETY MANAGEMENT** is the process of managing safety risks.
 6. **SAFETY REPRESENTATIVE** is a person who represents the workforce on safety matters.
 7. **SAFETY COMMITTEE** is a committee that oversees the safety management system.
 8. **SAFETY AUDIT** is a systematic process of checking the effectiveness of the safety management system.
 9. **SAFETY INSPECTION** is a process of checking the effectiveness of the safety management system.
 10. **SAFETY INCIDENT** is an event that results in harm or damage to people, property or the environment.
 11. **SAFETY HAZARD** is a potential source of harm or damage to people, property or the environment.
 12. **SAFETY RISK ASSESSMENT** is the process of identifying and evaluating the risks to people, property or the environment.
 13. **SAFETY RISK TREATMENT** is the process of taking steps to reduce the risks to people, property or the environment.
 14. **SAFETY RISK MONITORING** is the process of checking the effectiveness of the safety management system.
 15. **SAFETY RISK REVIEW** is the process of checking the effectiveness of the safety management system.

Signed
Kieran Tobin, CEO

Kieran Tobin, CEO

Executive Director

daa



furasta don fhoireann é a chur chun feidhme chun áit oibre shábháilte a bhaint amach. In 2015, cuireadh oiliúint ar 15 thiománaí tacsáí Aerfort Bhaile Átha Cliath in úsáid dífhibrileoirí. Ba é Seirbhís Dóiteáin Aerfort Bhaile Átha Cliath a chuir an scéim ar fáil, i gcompháirtíocht le TTNH (Tiománaithe Tacsáí na hÉireann). Tá na tiománaithe sin cáilithe anois ag céim chéad fhreagróra ar leibhéal an phobail. D'ainmnigh Foras Croí na hÉireann Aerfort Bhaile Átha Cliath mar Aerfort Croí-Shábháilte in 2007 ar son ráta ratha an aerfoirt ó thaobh tarrtháil a dhéanamh, le dífhibrileoirí an aerfoirt, a bhfuil teacht ag an bpobal orthu, ar dhaoine a mbuaileann stad croí iad ag an aerfort. Tá oiliúint curtha ar os cionn 70 póilín aerfoirt agus 90 comhraiceoir dóiteáin anois ionas gur féidir leo aon cheann den 45 dífhibrileoir ar fud champas Aerfort Bhaile Átha Cliath a úsáid. Sa phictiúr thuas: Bainisteoir Soghluaisteachta an daa, Anthony McGarry, agus Aisling Carton le duine de na 15 thiománaí tacsáí a oileadh chun dífhibrileoirí a úsáid.

4.6 Folláine

In 2015 leanamar dár gcomhpháirtíocht leis an Árachas Sláinte Saorálach (VHI) chun seirbhísí a chur ar fáil d'fhostaithe mar chuid den Scéim Cúnaimh d'Fhostaithe. Is féidir le fostaí ar bith a mbíonn saincheist bainteach leis an obair nó saincheist phearsanta le réiteach acu leas a bhaint as treoir, tacaíocht agus comhairleoireacht faoi rún am ar bith agus lá ar bith den bhliain. Lena chois sin, d'agraigh Roinn Daonacmhainne an daa roinnt tionscnamh folláine in 2015, lena n-áirítear:

- Tugadh an deis do shealoibrithe freastal ar chainteanna sláinte agus ar an tslí leis an gceann is fearr a fháil ar chaillteanas fuinnimh le linn seal oibre;
- Thug Onsite Dental roinnt cuairteanna ar an aerfort chun comhairliúcháin agus glanadh fiacla a chur ar fáil d'aon bhall foirne a roghnaigh leas a bhaint as an tseirbhís;
- Cuireadh vacsaíní fliú agus heipitítis A agus B ar fáil don fhoireann saor in aisce;
- Cuirtear cainteanna ar chothú san áireamh san ionduchtúchán a chuirtear ar fáil do gach ball foirne nua agus tá siad á gcur ar fáil de réir a chéile ar fud an ghnóthais;
- Cuireadh lascaíní ar árachas sláinte ar fáil don fhoireann uile; agus
- Bhí fóirdheontais ar fáil do bhaill foirne a chuaigh isteach sa chlub áitiúil spóirt agus corpacmhainne.



Sa phictiúr thuas: Bainisteoir Soghluaisteachta an daa, Anthony McGarry, agus Aisling Carton le duine de na 15 thiománaí tacsáí a oileadh chun dífhibrileoirí a úsáid.



5.0 Eispéireas an Phaisinéara

FÉACHANN AN daa LE COMHLÍONADH A DHÉANAMH AR RIACHTANAIS ÉAGSÚLANA MÍLTE DAOINE A THAISTEALAÍONN TRÍNÁRnAERFOIRT GACH LÁ. IS É FÍS AN daa ABHEITH MAR CHEANNAIRE I dTIONSICAL NA nAERFORT AGUS BORRADH A CHUR FAOINÁRnGNÓ TRÍ SHEIRBHÍS DEN SCOTH AGUSLUACH AR AIRGEAD A CHUR AR FÁIL D'AERLÍNTE, DO PHAISINÉIRÍ AGUSDO CHOMHPHÁIRTITHE GNÓ.

Ceann dár spriocanna corparáideacha is ea é an t-eispéireas is fearr is féidir a thabhairt dár gcustaiméirí agus dár gcompháirtithe arís agus arís eile. Chun an sprioc seo a bhaint amach agus ár bhfís a chomhlíonadh, bailímid sonraí ar bhonn leanúnach agus déanaimid monatóireacht ar an aiseolas ó chustaiméirí. Tá roinn ar leith againn in Aerfort Bhaile Átha Cliath a dhíríonn ar Eispéireas an Chustaiméara óna dtugtar freagraí ar aiseolas ó phaisinéirí trí mheáin éagsúla, lena n-áirítear glaonna gutháin, ríomhphost agus na meáin shóisialta.

Déanaimid os cionn 8,000 suirbhé gach bliain mar chuid dár gclár chun monatóireacht a dhéanamh ar an tseirbhís do chustaiméirí agus tá aonaid sástachta brú cnaipe curtha ar fáil againn i bpríomháiteanna ar fud an aerfoirt. Déanann an Coimisiún um Rialáil Eitlíochta (CAR) monatóireacht ar an daa maidir le cáilíocht seirbhíse a thomhas, lena n-áirítear:

- **A dhea-bhéasaí/a chabhraí atá an fhoireann slándála**
- **A fhusa atá sé eolas na slí a fháil san aerfort**
- **Scáileáin faisnéise eitiltí**
- **A dhea-bhéasaí/a chabhraí atá foireann an aerfoirt**
- **Rochtain ar an Idirlíon/WiFi**
- **A ghlaine atá na leithris**
- **A chompordaí atá na háiteanna feithimh/geataí**
- **A ghlaine atá críochfort an aerfoirt**
- **Mothú slán sábháilte**
- **Sástacht fhoriomlán**



Déanann Foireann Cáilíochta Seirbhíse Aerfort Bhaile Átha Cliath iniúchadh rialta ar an aerfort i gcomparáid le spriocanna cáilíochta seirbhíse CAR agus spriocanna inmheánacha.

In 2015 thugamar Clár Feabhsaithe Aistear an Phaisinéara isteach in Aerfort Bhaile Átha Cliath chun borradh a chur faoi ghníomhú bunaithe ar na foinsí iomadúla faisnéise atá againn ó phaisinéirí. San áireamh anseo tá clár d'fheabhsuithe leanúnacha faoi threoir fhoireann thrasfheidhmeach ar a bhfuil baill de na foirne Léargas agus Pleanáil, Eispéireas an Chustaiméara agus Feabhsú Cáilíochta. Trí aiseolas ó phaisinéirí maidir le gach cuid d'aistear an phaisinéara a chomhcheangal is féidir leis an daa díriú ar thionscadail agus tionscnaimh a chur chun feidhme chun eispéireas an phaisinéara a fheabhsú.


Trí aiseolas ó phaisinéirí maidir le gach cuid d'aistear an phaisinéara a chomhcheangal is féidir leis an daa díriú ar thionscadail agus tionscnaimh a chur chun feidhme chun eispéireas an phaisinéara a fheabhsú. Léiríonn sé críochfort nua-aimseartha den chéad scoth atá ag Aerfort Chorcaí don saol mór agus sárchaighdeán an eispéiris do phaisinéirí atá ar fáil. Bhí idir fhoireann agus phaisinéirí páirteach i ndearadh an bhranda nua, le cinntiú go dtugann sé léiriú fírinneach ar gach a dhéanann aerfort uathúil d'Aerfort Chorcaí: a líonra bealaí, na seirbhísí do chustaiméirí a bhfuil duaiseanna buaite acu agus a shuíomh mar gheata isteach i ndeisceart na hÉireann.

I Márta, osclaíodh limistéar miondíola nua-aimseartha arbh fhiú €8 milliún é i gCríochfort 1 in Aerfort Bhaile Átha Cliath, rud a chuir tús le ré nua i siopadóireacht paisinéirí. Faightear spléachadh i saoráid ar thús cadhnaíochta na Lúibe ar scoth na mbrandaí Éireannacha agus idirnáisiúnta agus tairgeann sé eispéireas siopadóireachta a bhfuil feabhsú radacach déanta air do thomhaltóirí. Tá an limistéar siopadóireachta, ina bhfuil o cionn 18,300 troigh chearnach de shiopaí nua feabhsaithe inchurtha leis na haerfoirt Eorpacha agus domhanda is fearr, agus bunaíodh é ar thaighde ar phaisinéirí.

Feidhmchláir aerfoirt an daa: Eispéireas an Phaisinéara a fheabhsú

Agus feidhmchláir aerfoirt an daa á bhforbairt, tá eispéireas den scoth a chur ar fáil don chustaiméir ar cheann de na rudaí is tábhachtaí dúinn. Dearadh na feidhmchláir chun aistear an phaisinéara a dhéanamh chomh réidh agus is féidir trí fhaisnéis riachtanach ar nós amanna feithimh slándála, suíomh na ngeataí bordála agus mapaí agus faisnéis úsáideach eile a chur san áireamh iontu. Tá feidhmchláir Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí á mbreisiú i gcónaí le gnéithe breise, m.sh. an Tag and View My Car Park Space laistigh den fheidhmchlár a chabhróidh le paisinéirí a gcarr a aimsiú go tapa ar

Faisnéis Aiseolais ó Chustaiméirí Bealtaine 2015.



fhilleadh dóibh. Tá gléasanna GPS suite ag an daa ar bhusanna tointeála charrchlós an aerfoirt, leis, chun na hamanna feithimh a léiriú d'úsáideoirí na bhfeidhmchlár. Tá an tóir ar fheidhmchláir Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí ag dul i méid i gcónaí agus áiríodh 170,000 íoslódáil ó seoladh iad.



AITHNÍODH AERFOIRT BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS CHORCAÍ ARAON AS A SEIRBHÍS DON CHUSTAIMÉIR IN 2015.

Bhuaigh Aerfort Chorcaí duais ardmholta as a shárchaighdeán i seirbhís do chustaiméirí aerfoirt sa chatagóir do líon paisinéirí is lú ná 5 mhilliún i nGradaim an ACI do na hAerfoirt is fearr san Eoraip 2015.

Rátáladh Aerfort Bhaile Átha Cliath mar an gcéad aerfort i nGradaim an ACI do Chaighdeán na Seirbhíse Aerfoirt (ASQ) 2015 An tAerfort is fearr de réir Méide agus Réigiúin san Eoraip sa chatagóir do 15-25 milliún paisinéir. Chlúdaigh suirbhé an ASQ 34 cinn de phríomhréimsí seirbhíse agus ocht gcinn de phríomhchatagóirí amhail rochtain, seiceáil isteach, slándáil, saoráidí aerfoirt, miondíol agus bia agus deoch.

I mBealtaine fuair an daa duais teicneolaíochta domhanda d'fheidhmchláir mhóibíleacha Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. Fuair an daa na honóracha is airde i gcatagóir na Nuálaíochta i Néalseirbhísí agus Nuachóiriú ag Gradaim Ovum “On the Radar” i Londain. Gnó taighde agus comhairleoireachta bunaithe san RA is ea Ovum, a dhíríonn ar mhargaí na teileachumarsáide, na meán agus an TF a chomhtháthú.

I Meitheamh fuarthas gurb é Aerfort Bhaile Átha Cliath an t-aerfort ab fhearr san Eoraip ó thaobh WiFi a thairiscint, bunaithe ar staidéar idirnáisiúnta de 130 aerfort i 53 tír, a rinne úsáideoirí fheidhmchlár agus láithreán gréasáin Rotten WiFi. Bhí an luas is tapúla san Eoraip ag WiFi Aerfort Bhaile Átha Cliath agus an tríú luas is tapúla ar domhan.

I Meán Fómhair, bhuaigh an daa mórdhuais náisiúnta ag Gradaim Q Mark, ócáid a tuairiscíodh mar “duaiseanna Oscar do Shárchaighdeán Ghnó”. Bhuaigh an daa an phríomhdhuais in Éirinn as a Chórais Bainistíochta Cáilíochta.

I Samhain, bhuaigh an daa duais “Appster” ag Comhdháil Apps World 2015 i Londain ar son Fheidhmchláir Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí sa chatagóir “An úsáid is fearr as teicneolaíocht feidhmchlár”.

6.0 Comhshaol

GEALLANN AN DAA FEABHSÚ LEANÚNACH A DHÉANAMH AR FHEIDHMÍOCHT FUINNIMH. DÉANTAR BEARTAIS FUINNIMH AERFOIRT BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS CHORCAÍ A ATHBHREITHNIÚ GO BLIANTÚIL AGUS A NUASHONRÚ DE RÉIR MAR IS GÁ. DÉANANN AN ARDBHAINISTÍOCHT AN DÁ CHEANN A SHÍNIÚ AGUS A FHORMHUINIÚ.

6.1 Bainistíocht Fuinnimh

Gach bliain, ceapann Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí plananna gníomhaíochta ar mhaithe le caomhnú fuinnimh a bhaint amach.

In 2013, chuaigh an daa isteach i gcomhaontú deonach le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (ÚFIÉ) ar ar áiríodh gealltanais chun clár struchtúrtha bainistithe fuinnimh a fhorbairt agus a choimeád, agus laghdú fuinnimh a bhaint amach. Chuir Aerfort Bhaile Átha Cliath tús leis an bpróiseas iarratais ar Dheimhniú Bainistíochta Fuinnimh ISO 50001 in 2015.

An bhliain chéanna, bhí áit ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ar an ngearrliosta do dhámhachtaí fuinnimh na hearnála poiblí de chuid ÚFIÉ ar son “cur chun feidhme raon beart spárála fuinnimh lena n-áirítear uasghrádú ar theicneolaíocht, réitigh bhainistithe, rannpháirtíocht foirne, foirgnimh ísealfuinnimh agus teicneolaíochtaí in-athnuaite.”

Gealltar i mBeartas Fuinnimh Aerfort Bhaile Átha Cliath:

- Ár gcuspóirí fuinnimh a bhunú agus a athbhreithniú go leanúnach trí chruinnithe rialta den fhoireann fuinnimh agus trí athbhreithnithe bainistíochta
- Dearadh éifeachtach ó thaobh fuinnimh a chomhtháthú i dtionscadail bonneagair agus athchóirithe;
- Smaoineamh ar thoradh fadtéarmach ar phróifílí infheistíochta (laistigh de shaolré na sócmhainne) maidir le tograí infheistíochta a bhaineann le fuinneamh;
- Trealamh agus táirgí atá tíosach ar fhuinneamh a sholáthar agus a úsáid;
- Gach riachtanas dlí agus eile maidir le húsáid, ídiú agus éifeachtúlacht fuinnimh a chomhlíonadh;
- Córas Bainistíochta Fuinnimh (EnMS) a fhorbairt ar aon dul le riachtanais ISO 50001;
- Fíorú a fháil do Lorg Carbóin Aerfort Bhaile Átha Cliath ar aon dul le riachtanais chlár Creidiúnaithe Carbóin Aerfoirt na hEorpa de chuid Chomhairle Idirnáisiúnta na nAerfort (ACI);
- An beartas seo a chur in iúl don fhoireann agus do na geallsealbhóirí uile. Éifeachtúlacht agus laghdú foriomlán fuinnimh a spreagadh agus a chur chun cinn; agus
- Oiliúint a sholáthar agus féachaint chuige go mbíonn na hacmhainní agus an fhaisnéis is gá ar fáil chun gur féidir ár gcuspóirí agus spriocanna fuinnimh a chomhlíonadh.



Fíric: Tá saolré de 80,000 uair an chloig ag lampaí soilsithe ionduchtúcháin i gcomórtas le 10,000 uair an chloig i gcás lampaí hailíde miotail.

Tionscnaimh Caomhnaithe Fuinnimh Aerfort Bhaile Átha Cliath

Laghdaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath a ídiú príomhúil fuinnimh de 1.7% in 2015. Uasghráduithe agus gníomhaíochtaí áirithe a ba chúis leis sin, ar a n-áirítear:


Stáisiún Dóiteáin: feabhsuithe ar fheidhmíocht theirmeach lena n-áirítear coire comhdhlúthúcháin, caidéal agus uasghráduithe ar rialaitheoirí. Cuireadh LED tíosach ar fhuinneamh ag gabháil áit mhórchuid den soilsiú.

- Rinneadh uasghráduithe ar éifeachtúlacht lárionaid fuinnimh Chríochfort 1, lena n-áirítear múcháin a insliú, rialaitheoirí feabhsaithe a shuiteáil, an cailteanas ó chomhiompar agus ó radaíocht a laghdú.
- Feabhsuithe ar éifeachtúlacht Phiara 100 AHU.
- Rinneadh uasghráduithe ar shoilsiú LED ar fud an aerfoirt, lena n-áirítear:
 - Pier 100
 - T2 MSCP
 - Pier 100Skybridge
 - Cinn Éagsúla i gCríochfort 2
 - —Halla Bagáiste Isteach Chríochfort 1

Seo a leanas na tionscadail a ndearnadh tuilleadh dul chun cinn ina leith in 2015:

- Tionscadal méadrachta cliste: Tá an tionscadal seo á chur ar fáil ar fud champas iomlán an aerfoirt. Cuimseoidh sé uasghrádú ar an gCóras Bainistíochta Fuinnimh chun méadrú, tuairisciú agus billeáil uathoibríoch a sholáthar, mar aon le próifílí ídithe fíor-ama agus fógraí le gur féidir gníomhú láithreach chun an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú.
- Dul i mbun planála le PV Gréine a shuiteáil.
- Tá Aerfort Bhaile Átha Cliath ar an mbóthar ceart go cinnte maidir le sprioc na hearnála poiblí ídiú fuinnimh a laghdú de 33% faoi 2020, agus faoi láthair táthar ag súil le laghdú 42% a bhaint amach go réidh.
- Gach bliain, ceapann Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí plananna gníomhaíochta ar mhaithe le caomhnú fuinnimh a bhaint amach.

Sa phictiúr thíos: Foireann Fuinnimh Aerfort Bhaile Átha Cliath



TÁ LAGHDÚ SUNTASACH AR ASTAÍOCHTAÍ CARBÓIN Ó OIBRÍOCHTAÍ AERFOIRT BAINTE AMACH AG AERFOIRT BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS CHORCAÍ Ó 2009 I LEITH.

Tionscnaimh Chaomhnaithe Fuinnimh Aerfort Chorcaí

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag foireann innealtóireachta Aerfort Chorcaí ó thaobh caomhnú fuinnimh ón uair a osclaíodh an foirgneamh nua críochfoirt. Laghdaíodh úsáid fuinnimh ó osclaíodh an foirgneamh. Laghdaíodh úsáid fuinnimh sna blianta ó shin agus spáráladh an chuid is mó den airgead trí athruithe ar rialú oibríochtúil agus trí úsáid an trealamh a bhí ann cheana a fheabhsú.

Tá Aerfort Chorcaí ag cur barr feabhais ar a fheidhmíocht fuinnimh i ngach cuid den oibríocht i gcónaí. Seo a leanas na bearta éifeachtúlachta fuinnimh atá curtha chun feidhme:

- Carrchlós ilstórach: laghdú ar líon na bhfeistithe solais agus rialú braiteoirí.
- Le rialú soilsithe BMS is féidir le bainisteoirí ar dualgas achair den soilsíú a mhúchadh istoiche in áiteanna nach bhfuil in úsáid.
- AHUnna: laghdú ar an sreabhadh aeir ar na AHUnna.
- Dí-lampáil i gcodanna móra den seanfhoirgneamh críochfoirt.
- Clár aeraithe spárála fuinnimh
- D'éirigh le coirí barrfheabhsú teirmeach a bhaint amach.
- An príomhphearsanra a oiliúint maidir leis an gCóras BMS.
- Soilsíú ionduchtúcháin a chur ag gabháil áit an tsoilsithe hailíde miotail i limistéar slí dála ardleibhéal an chríochfoirt.

Tá uasghráduithe ar bun ar na córais téimh i bhfoirgneamh Sheanchríochfort Aerfort Chorcaí. Spárálfar mórchuid fuinnimh trí na seanfhoirgnimh chríochfoirt a dhícheangal ón teach coire lárnach agus coirí nua gásadhainte níos lú a shuiteáil atá oiriúnach don achar atá le téamh. Laghdófar an méid a chosnaíonn sé uisce téimh a chaidéalú achar fada ón gcríochfort nua go dtí an sean-chríochfort agus cuirfear deireadh le cailleadh teasa tríd an bhfeadánra dáileacháin atá anois ann. Seachnófar aon diomailt eile fuinnimh de bhrí gur féidir gach ceann de na córais nua a rialú go cruinn de réir an éilimh ar theas. I dTuarascáil Bhliantúil ÚFIÉ 2015, aithníodh an 42.2% de spáráil fuinnimh ón mbonnlíne atá bainte amach ag Aerfort Chorcaí, rud a aibhsíonn gealltanais Aerfort Chorcaí i leith éifeachtúlachta acmhainní. Mhéadaigh

ídiú fuinnimh beagán in 2015 i ngeall ar mhéadú ar théamh de bharr laghdú ar theochtaí an gheimhridh agus an tsamhraidh.

6.2 Bainistíocht Carbóin

Tá Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí araon rannpháirteach sa scéim Creidiúnaithe Carbóin d'Aerfoirt (ACA), ar scéim dheonach é a d'fhorbair Comhairle Idirnáisiúnta na nAerfort (ACI) chun tionchar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó ghníomhaíochtaí faoi rialú an aerfoirt a mhapáil agus a thomhas. Tá deimhniú ag an dá aerfort ar Leibhéal 2 (Laghdú) de ACA an ACI. Idir 2011 agus 2014, laghdaíodh lorg carbóin Aerfort Bhaile Átha Cliath de 33% ó 36,917 tonna CO₂ de bhonnlíne in 2011 go 27,715 tonna CO₂ in 2014. In 2014 amháin, d'éirigh le hAerfort Bhaile Átha Cliath 4,250 tonna nach mór de laghdú ar CO₂ a bhaint amach, nó 13% de laghdú ar leibhéal 2013. Laghdaigh Aerfort Chorcaí a lorg carbóin de 916 tonna CO₂ in 2014, nó 20% de laghdú suntasach ar an mbliain roimhe.

An Scéim Creidiúnaithe Carbóin d'Aerfoirt

In 2009, sheol Comhairle Idirnáisiúnta na nAerfort an scéim dheonach rannpháirtíochta dar teideal An Scéim Creidiúnaithe Carbóin d'Aerfoirt. Bhí Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí i measc na gcéad aerfoirt a chuaigh isteach sa scéim. Clár a dearadh go speisialta d'aerfoirt atá ann, agus tugann sé creat coiteann chun carbón a bhainistiú go gníomhach. Clúdaíonn sé na gníomhaíochtaí oibríochtúla is mó a chuireann le hastaíochtaí carbóin.

Bhain an clár stádas domhanda amach in 2015, nuair a leathnaíodh é go haerfoirt i Meiriceá Thuaidh, i Meiriceá Laidineach agus i réigiún na Mara Cairibe. Tá 125 aerfort in os cionn 40 tír ar fud an domhain creidiúnaithe faoi láthair faoin gclár.

Ag caibidlíocht COP21 um an t-athrú aeráide i bPáras i Nollaig 2015, síníodh comhpháirtíocht idir Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe (UNFCCC) maidir leis an Athrú Aeráide agus an ACI chun gníomhaíocht maidir leis an athrú aeráide a chur chun cinn tuilleadh trí Chreidiúnú Carbóin Aerfort.

6.3 Bainistíocht & Caomhnú Uisce

TÁ FOIRNE CEAPTHA AG AN daa CHUN CAOMHNÚ UISCE A BHAINISTIÚ GO GNÍOMHACH AG AERFOIRT BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS CHORCAÍ.

Caomhnú Uisce

In 2015, lean foirne Cúram Sócmhainní Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí de bheith ag díriú ar sceitheadh a aithint agus ar phíobánra ag na haerfoirt a dheisiú agus a athsholáthar. Rinneadh deisithe ar chomhlai agus ar hiodraint in 2015 le cois líonra na bpíobán uisce a athsholáthar, rud a thugann solúbthacht níos mó maidir le haonrú an líonra uisce.

D'aibhsigh suiteáil na ngléasanna logála sonraí in 2015 méaduithe ar úsáid uisce i gCríochfort 1 d'Aerfort Bhaile Átha Cliath, a bhfuiltear ag díriú air faoi láthair. Trí limistéir méadair dúiche (DMAanna) a shuiteáil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, cumasaíodh don daa líonraí píobán a aonrú agus an úsáid le linn agus lasmuigh de bhuaicthréimhsí a chur i gcomparáid. Aibhsítear deiseanna chun uisce a chaomhnú sa mhonatóireacht leanúnach a dhéantar ar úsáid uisce trí na méadair dúiche. Cumasaíonn sé sin don daa patrúin neamhghnácha úsáide uisce a thabhairt faoi deara, patrúin a d'fhéadfadh réimsí faidhbe, m.sh. píobánra ag sceitheadh, a thabhairt le fios. Suiteáladh méadair nua dúiche in Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2015, lena n-áirítear limistéir thaobh an aeir den chéad uair. Mar thoradh ar mhéadair a shuiteáil, thángthas ar sceitheadh suntasach ar an mbóthar isteach chuig Críochfort 1 i bhFeabhra 2015, a deisíodh ina dhiaidh sin.

D'éirigh le hAerfort Chorcaí 17% de laghdú in idiú uisce a bhaint amach in 2015. San iomlán, mhéadaigh úsáid uisce de 17.8% in Aerfort Bhaile Átha Cliath in 2015, i ngeall go príomha ar 15% de mhéadú ar líon na bpaisinéirí, i gcomhar le méadú beag ar rátaí sceite.

Bainistíocht Uisce Stoirme

Gné thábhachtach is ea bainistíocht uisce stoirme i ndearadh agus i dtógáil an bhonneagair sna haerfoirt.

Déantar monatóireacht leanúnach ar chaighdeán an uisce dhromchla mórtimpeall an aerfoirt. Lena chois sin, déanann anailíseoir ar líne ar cháilíocht an uisce monatóireacht ar chaighdeán Shruthán na Cuaiche ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun freagairt thapa a éascú ar aon mheathlú ar chaighdeán an uisce. Déanaimid monatóireacht bhitheolaíoch, leis, ar chúrsaí uisce ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Cuireadh tús in 2015 le staidéar indéantachta ar chóras nádúrtha cóireála nuálach agus inbhuanaithe le haghaidh rith chun srutha uisce stoirme an aerfoirt. Ba é cuspóir an chórais an uisce stoirme ar an láthair a chóireáil go caighdeán réamhshainithe.

Is é an aidhm againn doirteadh ó oibríochtaí aerfoirt a íoslaghdú agus gréasán leitheadach idircheapóirí breosla a choinneáil le haon éilleáin ghaolmhara a ghabháil.

Bailiú báistí

Chuaigh Seirbhís Dóiteáin Aerfort Bhaile Átha Cliath i gceannas ar bhailiú báistí trí chóras a shuiteáil ag an stáisiún dóiteáin. Tar éis an tionscadail rathúil seo, táthar ag scrúdú deiseanna eile le báisteach a bhailiú ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.

6.4 Taispeántas Feasachta maidir le Fuinneamh agus Uisce

Ag cur san áireamh go dteastaíonn tacaíocht ón bhfoireann chun dúshlán caomhnaithe fuinnimh agus uisce an daa a réiteach, d'éagraigh Foireann Fuinnimh agus seaimpíní fuinnimh Aerfort Bhaile Átha Cliath um Chúram do Shócmhainní taispeántas feasachta ar Idirurlár Chríochfort 1 don dara bliain as a chéile in 2015. Aibhsíodh sa taispeántas éachtaí leanúnacha Aerfort Bhaile Átha Cliath ó thaobh bainistíocht uisce agus fuinnimh agus cuireadh faisnéis chabhrach ar fáil faoin tslí le huisce agus fuinneamh a chaomhnú sa bhaile agus san ionad oibre.

Cuireadh faisnéis ar fáil don fhoireann agus do phaisinéirí ag an taispeántas seo ar an tslí le roghanna níos éifeachtaí fuinnimh agus uisce a dhéanamh ar mhaithe le hathrú iompair agus cultúir a spreagadh.

Tugadh faisnéis ar idiú fuinnimh agus uisce ag an aerfort agus ar na huirlisí éagsúla a úsáidtear chun iniúchtaí fuinnimh a dhéanamh ar fud an champais, lena n-áirítear trealamh braite sceitheadh uisce agus ceamaraí íomhánna teirmeacha. Cuireadh raon tionscadal spárála fuinnimh, idir thionscadail a bhí tugtha chun críche agus cinn bheartaithe, ar taispeántas agus míníodh iad don fhoireann.

Ghlac an fhoireann páirt i dtráth na gceist glas ar an lá agus b'ábhar iontais dóibh a fháil amach gurb iad soilsiú agus trealamh oifige a ídíonn 25% nó mó mar sin den fhuinneamh iomlán a ídítear i ngnáthoifig.

Bhí iar-rothaí Tour de France Laurence Roche agus Jenny Oliver ón Roinn Thaobh na Talún ar fáil chun an Scéim Rothaíocht chun na hOibre agus Scéim Tax saver na gComaitéirí a phlé; is scéimeanna iad siúd a chabhraíonn le daoine airgead a spáráil trí chórchaca iompair eile a roghnú.

Chuir City Electrical Factors Ltd raon táirgí atá tíosach ar fhuinneamh i láthair, agus phléigh an comhairleoir fuinnimh Pat Duke na slite éagsúla le fuinneamh a spáráil sa teach agus na deontais atá ar fáil ó ÚFIÉ. Chuir EV Compare faisnéis ar fáil i dtaobh feithiclí leictreacha, pointí luchtála agus dreasachtaí do dhaoine. Chuir OBEO faisnéis i láthair faoi phróiseáil inbhuanaithe dramhbha. Thug Green Aware cuireadh do dhaoine a bhí ag gabháil thar bráid féachaint cá mhéad vata cumhachta a d'fhéadfaidís a ghiniúint trí dhul ag rothaíocht ar rothar. Chuir Electric Ireland raon faisnéise i láthair i dtaobh táirgí agus seirbhísí éiceabhach atá ar fáil do chustaiméirí.



Sa phictiúr thuas: Foireann an taispeántais, Mark Lacey (Tacaíocht Theicniúil), Ian Clarke (Bainisteoir Fuinnimh), Martin McGonagle (Ceann Chúram Sócmhainní an Champais), Emma Devlin (Anailiseoir Fuinnimh) Mick Goodman (Bainisteoir Fóntas) agus Stevie Donnelly (Comhlíonadh Fuinnimh).

6.5 Bainistíocht, Laghdú & Athchúrsáil Dramhaíola

Bainistíonn Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí soláthraithe seirbhíse ar conradh le cinntiú go láimhsítear fuíollábhar mar is cuí ag suíomhanna na gcríochfort agus ar fud champais na n-aerfort.

Cheap an daa Straitéis Bainistíochta Dramhaíola (2014 - 2017) leis na spriocanna seo a leanas:

- “Gan aon Dramhaíl a chur go Líonadh Talún” i gcás Aerfort Bhaile Átha Cliath;
- Méadú ar leithscaradh ag an bhfoinse;
- Nuálaíocht agus inbhuanaitheacht a chur chun cinn le soláthraithe;
- Íoslaghdu dramhaíola a bhaint amach; agus
- Oideachas a chur agus tionchar a imirt ar an bhfoireann, ar sholáthraithe agus ar thionóntaí.

In 2015, shuiteáil an daa mionlíne piochta dramhaíola agus gléasra bainte leachtanna ar mhaithe le leithscaradh agus athchúrsáil níos áisiúla a dhéanamh ar bhuidéil phlaisteacha agus ar channaí alúmanaim a chaitheann paisinéirí uathu agus iad ag gabháil tríd an limistéar slándála.

Bunaíodh Stáisiúin Athchúrsála Críochfoirt ar bhonn píolótach in 2015 chun feasacht a ghiniúint agus leithscaradh agus athchúrsáil dramhaíola a mhéadú i measc na bpaisinéirí agus na foirne. Tar éis scéim phíolótach ar éirigh léi, bheartaigh an daa an clár a leathnú in 2016.

Díríonn Roinn Aerfort Bhaile Átha Cliath um Fheabhsú Cáilíochta ar lamháltóirí, conraitheoirí agus foireann an daa le cinntiú go bhfuil siad oile go hiomlán in íoslaghdu, leithscaradh agus athchúrsáil dramhaíola. Dearadh lámhleabhair ar leith do shruthanna dramhaíola go sonrach d’úsáideoirí difriúla. Cuireadh oiliúint ar fáil, leis, maidir le lámhleabhair sruthanna dramhaíola. Eagraíodh ceardlanna ráithiúla in 2015 chun forbairtí nua i mbainistíocht dramhaíola a aibhsiú agus chun laghdú dramhaíola a bheadh éifeachtach ó thaobh costais a bhaint amach. Le linn na gceardlann, chas lamháltóirí ar sholáthraithe a d’fhéadfadh táirgí agus seirbhísí inmhuirínithe agus neamhdhíobhálach don timpeallacht a thairiscint. Tá cúig cinn de lamháltóirí Aerfort Bhaile Átha Cliath nach n-úsáideann anois ach cupáin agus claibíní caifé inmhuirínithe.

Gach mí foilsíonn Aerfort Bhaile Átha Cliath ‘tábla sraithe’ maidir le hathchúrsáil a dhéanann lamháltóirí. Gineann sé sin iomaíocht shláintiúil

D’ÉIRIGH LE HAERFORT BHAILE ÁTHA CLIATH GAN AON DRAMHAÍL A CHUR GO LÍONADH TALÚN I SAMHAIN 2015

agus is é an cuspóir atá leis feasacht a mhéadú. Leis na táblaí sraithe is féidir le hAerfort Bhaile Átha Cliath feidhmíocht athchúrsála a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh uirthi agus ar thionchar na dtionscnamh bainistíochta dramhaíola. Leis na táblaí sraithe is féidir le hAerfort Bhaile Átha Cliath feidhmíocht athchúrsála a thomhas agus monatóireacht a dhéanamh uirthi agus ar thionchar na dtionscnamh bainistíochta dramhaíola. Suiteáladh soilse a thaispeánann an leibhéal líonta ar dhlúthóirí dramhaíola suímh chun fógra a thabhairt don fhoireann nuair is gá iad a fholmhú, rud a laghdaíonn líon na mbailiúchán agus a uasmhéadaíonn an méid dramhaíola a bhailítear i ngach bailiúchán, as a leanann laghdú ar astaíochtaí carbóin.

Déantar seirbhísí ar leithligh ar phoist agus foirgnimh sheachtracha Aerfort Bhaile Átha Cliath le bailiúchán sceidealaithe REL áitiúil, ionas nach gá an turas fillte 17 ciliméadar a dhéanamh gach lá chun boscaí bruscair a bhailiú agus a mhalartú. In 2015 dhear agus thóg Aerfort Bhaile Átha Cliath saoráid láraithe athchúrsála. Tá gabhdáin suite sa limistéar láraithe chun earraí in-athchúrsáilte amhail adhmaid, miotal agus WEEE a bhailiú. Tá méadú ar éifeachtúlacht na mbailiúchán dá bharr agus laghdaíodh fad na dturasanna bailithe.

Trí dhul i gcomhar lenár lamháltóirí, conraitheoirí, ranna glantacháin, foirne cúram sócmhainní agus roinn soláthair d’éirigh leis an daa gan aon dramhaíl a chur go líonadh talún i Samhain 2015. Seo an tslí ar baineadh é sin amach:

- Rinneadh iniúchtaí ar ábhair agus ar tháirgí a úsáideadh i ngach aonad gnó agus dearadh lámhleabhar ar leith do shruth dramhaíola gach aonaid;
- Cuireadh oiliúint chuimsitheach maidir leis an lámhleabhar agus le leithscaradh dramhaíola ar fáil don fhoireann uile;
- Leathnaíodh raon na mboscaí bruscair chun gach sruth dramhaíola a chlúdach;
- Bunaíodh lárionad nua athchúrsála chun gur féidir leis an bhfoireann cúram sócmhainní agus na foirne seachtracha glantóireachta an dramhaíl a leithscaradh in aon áit amháin; agus
- Chuathas i mbun oibre le soláthraithe le cinntiú go laghdaíonn siad an méid pacáistithe a úsáideann siad agus go mbíonn a gcuid táirgí in-athchúrsáilte.

6.6 Iompar Dromchla

Oibríonn an daa i ndlúthchomhar leis an Údarás Náisiúnta Iompair, Comhairle Contae Fhine Gall agus an Roinn Iompair ar ghnéithe den inbhuanaitheacht taistil agus iompair.

Creidimidne, an daa, go ndéanfaidh fostaithe agus paisinéirí aerlíní cinntí taistil níos inbhuanaithe de bharr an tionchair a imrímid ar a gcinnteoireacht maidir lena gcuid iompair. Tá bearta éagsúla curtha i ngníomh ag an daa chun é sin a bhaint amach. Ina measc siúd bhí infheistíochtaí i bpáirceáil cóistí, lánai bus agus rothar agus foscadán do rothair, agus tá córacha inbhuanaithe iompair curtha chun cinn go gníomhach ag an daa i measc na bhfostaithe trí óstáil a dhéanamh ar imeachtaí promóisin inar aibhsíodh taisteal inbhuanaithe ní hamháin ar son an duine aonair ach ar son na timpeallachta, leis. Féachaimid le tionchar a imirt ar phaisinéirí aerlíní trí na seirbhísí bus is mó tóir a shuí díreach lasmuigh de na foirgnimh chríochfoirt agus faisnéis fíor-ama a chur ar fáil ag stadanna bus.

D'fhoilsigh Aerfort Bhaile Átha Cliath Nuashonrú Bainistíochta Soghluaitheachta in 2015. Tugadh cuntas ann ar a bhfuil bainte amach againn agus ar na dúshlán maidir le hiompar inbhuanaithe a bheidh romhainn amach anseo. Áirítear ar bhuaicphointí an nuashonraithe:

- Tá céatadán na bpaisinéirí a thaistealaíonn i mbus/cóiste ag dul i méid i gcónaí agus shroich sé 36% in 2014.
- Tá laghdú ag teacht i gcónaí ar úsáid an chairr phríobháidigh i measc paisinéirí agus b'ionann é agus 33% in 2014.
- D'ainneoin an phatrúin sealóibre ag an aerfort, laghdaigh céatadán na foirne a tháinig chun na hoibre i bhfeithicil phríobháideach go 67% in 2014, arbh ionann sin agus 10% de laghdú ó 2006 i leith.
- Tá Aerfort Bhaile Átha Cliath go maith chun cinn nuair a chuirtear é i gcomparáid le tagarmhairc idirnáisiúnta de dheighilt mhódúil aerfoirt. De na haerfoirt a cuireadh san áireamh, níl de shárú ar Aerfort Bhaile Átha Cliath ach na haerfoirt sin a bhfuil naisc iarnróid líne seasta acu.




Rothaíocht chun na hOibre

Tá breis agus 6 km de lánai rothaíochta agus 200 spás páirceála rothair curtha ar fáil ag Aerfort Bhaile Átha Cliath do bhaill foirne agus don phobal i gcoitinne. Cuireann an Scéim Rothaíochta chun na hOibre ar chumas na mball foirne laghdú suas le 52% a fháil ar phraghas rothair ar féidir leo é a úsáid le taisteal chuig agus ó Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá luach beagnach €700,000 de rothair ceannaithe ag fostaithe de chuid an daa faoin scéim seo ó cuireadh tús léi. Bhain 283 fostaí leas as an scéim rothaíochta chun na hoibre in 2015 agus chosain na rothair €906 ar an meán.

Tá an scéim Tax saver Busanna ar fáil dár bhfoireann i gcónaí agus bímid ag lorg bealaí leis na tairiscintí seo a fheabhsú trí dhul i mbun plé le soláthraithe seirbhíse.

Scéim Tax saver Busanna:


Tá an scéim Tax saver Busanna ar fáil dár bhfoireann i gcónaí agus bímid ag lorg bealaí leis na tairiscintí seo a fheabhsú trí dhul i mbun plé le soláthraithe seirbhíse. Tugadh an Scéim Tax saver do Chomaitéirí isteach i mí na Nollag 2007 do gach fostaí de chuid an daa. Féadann baill foirne suas le 52% den chostas taistil chuig agus ón aerfort ar bhus a shábháil. Cheannaigh 26 duine ticéid bhus tríd an scéim in 2015 agus b'fhiú €38,415.60 na ticéid uile.



Tionchar Thionscnaimh Bainistíochta Dramhaíola Aerfort Bhaile Átha Cliath 2013-2015

Bliain	Paisinéirí (ina milliúin)	Iomlán na Dramhaíola (Tonnaí)	Dramhaíl in aghaidh an phaisinéara (gram)	Dramhaíl go Líonadh Talún (%)	Athchúrsáil (%)
2013	20.17	3,206.52	159	11	14
2014	21.71	3,234.26	149	9	25
2015	25.05	3,759.25	151	5	28

Waste Trends 2013-2015 Dublin Airport



Ceardlann Bainistíochta Dramhaíola Aerfort Chorcaí

Shroich Aerfort Chorcaí ráta athchúrsála de 19% in 2015. I nDeireadh Fómhair 2015, eagraíodh ceardlann bainistíochta dramhaíola ag an Aerfort, ar fhreastail lucht bainistíochta agus foireann Roinn Cúram Sócmhainní an Aerfoirt uirthi, mar aon le lamháltóirí agus glantóirí conartha. Ba é cuspóir na ceardlainne feachtas a chothú agus deiseanna a shainaithint chun athchúrsáil a mhéadú agus béim a chur ar réitigh inbhuanaithe ar bhainistíocht dramhaíola.

7.0 Dearadh & Tógáil


AR AON DUL LEIS NA GEALLTANAIS A THUGAMAR SA BHEARTAS INBHUANAÍTHEACHTA, DÉANANN AN DAA IARRAIGHT I GCÓNAÍ AN INBHUANAÍTHEACHT A CHUR SAN ÁIREAMH AGUS FOIRGNIMH AGUS BONNEAGAR SIBHIALTA Á BPLEANÁIL, Á NDEARADH, Á SOLÁTHAR AGUS Á DTÓGÁIL.

Cuireann an daa an cleachtas is fearr i bhfeidhm agus saoráidí agus feidhmeanna Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí, agus a dtionóntaí, nuair is cuí, á ndearadh agus á n-oibriú.

7.1 Soláthar Inbhuanaíthe

Bainistíonn Roinn Soláthair an daa ceannach earraí agus seirbhísí ar shlí atá chomh neamhdhíobhálach don timpeallacht agus chomh hinbhuanaíthe agus is féidir agus tá an inbhuanaítheacht anois ar cheann de na critéir scórála i dtairiscintí poiblí lena mbaineann.

Agus earraí agus seirbhísí nua á soláthar, tá an daa meabhrach ar an ngá atá le seantrealamh a athchúrsáil agus a chur de láimh. Oibríonn Roinn Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide an daa ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí le Camara agus Rehab chun seanríomhairí deisce agus glúine a chur ar fáil le hathúsáid i gcúrsaí oideachais in Éirinn agus thar sáile.



Cás-Staidéar: Aerfort Bhaile Átha Cliath Lárnach

Seoladh tionscadal in 2015 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun campas nua oifigí gnó a dhéanamh d'iarfhoirgneamh HOB Aer Lingus. Beidh ONE, Aerfort Bhaile Átha Cliath Lárnach, ina láthair d'ionad nua beoga gnó.

Déanfar an t-athchóiriú chun Deimhniú Ceannaireachta Óir san Fhuinneamh agus i nDearadh Comhshaoil (LEED) a bhaint amach. Is caighdeán aitheanta é an LEED chun inbhuanaitheacht foirgnimh a thomhas. Bunaítear leibhéal an teastais ar líon na bpointí a ghnóthaíonn an foirgneamh. Bronntar na pointí as roghnú suímh, éifeachtúlacht uisce, ábhair agus acmhainní a úsáidtear, éifeachtúlacht fuinnimh, caighdeán na timpeallachta faoi dhíon, nuáil agus dearadh, agus tosaíocht réigiúnach.

Cuireadh tús in 2015 leis an mórobair athchóirithe ar an bhfoirgneamh de 8,300 méadar cearnach agus meastar go mbeidh na chéad tionóntaí ag bogadh isteach ann in 2016. Déanfar an foirgneamh cúig urlár a lomadh go dtí nach mbeidh ann ach creatlach coincréite agus ina dhiaidh sin déanfar uasghrádú agus nuachóiriú radacach air chun campas nua aitheantais gnó do Bhaile Átha Cliath a dhéanamh de.

7.2 Cúram Sócmhainní

In 2015, bhí Aerfort Bhaile Átha Cliath ar an gcéad aerfort ar domhan le creidiúnú cáiliúil idirnáisiúnta a fháil: Caighdeán ISO 55001 do Bhainistíocht Sócmhainní. Is aitheantas é an gradam seo don obair as cuimse atá á déanamh chun punann sócmhainní an daa a bhainistiú.

Disciplín gnó is ea bainistíocht sócmhainní, a dhéantar i ngach ceann d'fheidhmeanna an aerfoirt agus a mbíonn mórchuid daoine páirteach ann chun luach a fháil ar shócmhainní ar shlí struchtúrtha agus intuartha. Gné bhunúsach den dea-bhainistíocht sócmhainní agus den ISO 55001 is ea go ndéanaimid iarracht sócmhainní a bhainistiú ó thús deireadh a saolré, trí riachtanais custaiméirí agus gnó a shainaithint ar an gcéad dul síos, agus ansin roghanna a dhéanamh, a dhearadh, a thógáil, a choimisiúnú, a oibriú, a chothabháil agus a chur de láimh. Tá saolré ag sócmhainní Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus is minic gur faide i bhfad é ná ré phlean gnó straitéisigh na cuideachta nó an phlean rialála cúig bliana. Mar sin tá straitéis fhadtéarmach i bhfeidhm againn maidir le dea-bhainistíocht sócmhainní, chun fad an tsaolré sin a chur san áireamh.



Sa phictiúr thuas: Táimid sa Chéad Áit! Ceiliúránn Peter Doyle in éineacht le Emma Doyle as foireann fuinnimh Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Vincent Harrison, Stiúrthóir Bainistíochta Aerfort Bhaile Átha Cliath.

7.3 Foirgníocht

Thug an daa faoi chlár suntasach d'obair fhoirgníochta in 2015. Cuid dhílis de na hoibreacha sin ab ea tionchar na foirgníochta sin ar an gcomhshaol a bhainistiú go héifeachtach. Geallann an daa an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na gníomhaíochtaí foirgníochta seo ar an gcomhshaol a laghdú a mhéad is indéanta go praiticiúil. Tá sainbheartas comhshaoil curtha chun feidhme ag an daa maidir le tionscadail foirgníochta, atá formhuinithe ag Ceann Grúpa na gClár Caipitil agus cuireadh in iúl é do na conraitheoirí uile. Áirítear na cuspóirí seo a leanas ar an mbeartas: Ensure that our suppliers are aware of this policy.

- A chinntiú go bhfuil ár soláthraithe ar an eolas faoin mbeartas seo. A chinntiú, tríd ár soláthraithe, go ndéantar gach gníomhaíocht a bhaineann leis an daa a riar le hairead chuí ar chosaint na timpeallachta agus aird ar leith a thabhairt ar chosc an truaillithe, íoslaghdú na dramhaíola agus laghdú ar ídiú acmhainní nádúrtha.
- A chinntiú, tríd ár soláthraithe, go gcomhlíonann gach gníomhaíocht a bhaineann leis an daa na riachtanais rialála, reachtacha agus na cóid chleachtais ábhartha.
- Cumarsáid inmheánach a dhéanamh laistigh den daa chun aon chur isteach ón gclár oibre a íoslaghdú.
- A chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ag ár bhfoireann ar na gnéithe sin de na hoibreacha a bhfuil tionchar acu ar an timpeallacht agus ar an méid is gá dóibh a dhéanamh chun tionchar na n-oibreacha a íoslaghdú.

Geallann Bord Stiúrthóirí an daa, an Príomhfheidhmeannach agus na Clárghainisteoirí ceaptha sárchaighdeáin a bhaint amach i bhfeidhmiú an bheartais chomhshaoil agus ceannaireacht a léiriú trí pháirt ghníomhach a ghlacadh sna próisis chumarsáide, mhonatóireachta agus athbhreithnithe is gá chun an beartas a chur chun feidhme.

Misnítear gach fostaí agus oibrí conartha chun a bheith lánpháirteach i gcultúr láidir a fhorbairt maidir le bainistíocht chomhshaoil laistigh de chlár foirgníochta an daa.



Sa phictiúr thuas: Dearadh Tionscadal Athchóirithe Theacht Isteach Chríochfóirt 1 sa tslí go ndearnadh an aghaidh a bhí ann cheana a mhionathrú chun úsáid an tsolais nádúrtha a uasmhéadú chun an gá le soilsiú inmheánach a laghdú.

8.0 Torann

LEANFAIDH AN DAA DE MHEASÚNÚ A DHÉANAMH AR AN DÓIGH IS FEARR CHUN ÁR GCÓRAIS AGUS GNÁTHAIMH A ÚSÁID CHUN A CHINNTIÚ GO N-ÍOSLAGHDÓFAR NÓ GO SEACHNÓFAR TORANN SA PHOBAL NUAIR IS FÉIDIR.

Tá rialacha daingne ag baint le gach gné de ghluaiseachtaí aerárthaí san aer agus ar talamh. Tá Údarás Eitlíochta na hÉireann (IAA) freagrach as gach gné de ghluaiseachtaí eitle agus as a chinntiú go ngnóthaítear na leibhéil is airde sábháilteachta ag aerfoirt na hÉireann. Oibríonn an daa i ndlúthpháirt leis an IAA agus leis na haerlínte le feachtas a mhéadú i gcónaí ar na gnáthaimh laghdaithe torainn atá i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Áirítear leis na Gnáthaimh Laghdaithe Torainn úsáid éigeantach Slite Roghnacha Torainn, ar aidhm dóibh torann os cionn limistéir chónaithe a íoslaghdú nuair is féidir. Tá gnáthaimh oibríochtúla ann maidir le húsáid an rúdbhealaigh trasghaotha agus le tástáil innill ar an talamh.

Tá formhuiniú tugtha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na hEitlíochta Sibhialta (ICAO) do choincheap Threoir an AE 2002/30/CE maidir le “cur chuige cothromaithe” i leith bhainistíocht an torainn ó aerárthaí. Cuirtear san áireamh sa chur chuige seo ceithre cinn de na príomheilimintí chun leibhéil torainn ag aerfoirt a mhaolú.

Laghdú torainn ag an bhfoinse (aerárthaí ciúine)

- Úsáid a bhaint as pleanáil agus bainistíocht na talún
- Gnáthaimh oibríochtúla maidir le laghdú torainn
- Sriannta oibriúcháin

I ndeicibeile (dB) a thomhaistear an torann ó aerárthaí. Tá scairdeitleáin foshonacha na linne seo 30 dB nó mar sin níos ciúine ná a gcompháirtithe chéad ghlúine den mhéid chéanna. Is ionann 10 dB de laghdú torainn agus laghdú de leath den airde torainn a bhraitear, is ionann sin agus 90% nó mar sin de laghdú ar an torann braite. Comhlíonann gach aerárthach a oibríonn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath caighdeán ICAO maidir le torann, agus de réir mar a dhéantar sean-aerárthaí a dhíchoimisiúnú, rachaidh an scéal seo i bhfeabhas tuilleadh.

Déanann Anailíseoir Torainn agus Ruthaig Eitle an daa anailís mhionsonraithe mhíosúil ar ghearáin a fuarthas maidir le torann ó aerárthaí agus soláthraíonn sé faisnéis ar ruthaig eitle aerárthaí agus ar aon fhadhbanna torainn don phobal áitiúil. Bainistítear é seo trí chóras casta ríomhaireachta ar féidir leis gach gluaiseacht aerárthaigh a rianú agus gach aerárthach atá ag eitilt 'ar' nó 'as' na ruthaig ainmnithe eitle, a aithint.

Mhéadaigh líon na ngearáin torainn ó 147 in 2014 go 277 in 2015. Méhadaigh líon na ndaoine a rinne gearán ó 65 in 2014 go 118 in 2015. Tá sé tábhachtach a mheabhrú go bhfuarthas in 2014 an líon ba lú gearán i dtaobh torann ó aerárthaí ó bunaíodh an tseirbhís monatóireachta ar thorann agus ar ruthaig eitle in 2002.

Is féidir an méadú ar líon na ngearáin a chur síos d'úsáid an rúdbhealaigh ingearaigh, Rúdbhealach 34, agus do threo na gaoithe. In 2015 úsáideadh Rúdbhealach 34 d'oibreacha oíche fad a bhí an príomh-rúdbhealach dúnta le haghaidh oibreacha suntasacha agus riachtanacha athchóirithe.

Mhéadaigh an cloí le ruthaig eitle in 2015 nuair a d'eitil os cionn 99.4% de na haerárthaí ar fad i gcatagóir C/D ar an ruthag. Tá an figiúr seo ag dul i bhfeabhas de réir mar a thugann aerlínte aerárthaí níos nua-aimseartha isteach ina bhflíteanna le trealamh loingseoireachta níos forbartha. Uaireanta is gá aerárthaí a dhíbirt as na dorchlaí comhshaoil ar chúiseanna sábháilteachta agus aimsire, mar sin is ar éigean a bhainfear ráta 100% amach riamh.

Torann (Iomlán na nGearán)

Aerfort	2012	2013	2014	2015
Baile Átha Cliath	193	694*	147	277**

Notes: **Ó ghearáiní amháin a tháinig mórchuid de na gearáin a fuarthas in 2013.

**Bhí méadú mór ar ghearáin faoi thorann in 2015 fad a bhí Rúdbhealach 34 á úsáid ar bhonn sealadach.

9.0 Caighdeán an Aeir

DÉANTAR MONATÓIREACHT AR CHAIGHDEÁN AN AEIR AG AERFOIRT BHAILE ÁTHA CLIATH AGUS CHORCAÍ.

Dála bhunús gach gníomhaíochta taistil agus tráchtála, féadann oibríochtaí aerfoirt agus na gníomhaíochtaí a ghabhann leo astaíochtaí cáithníní a chur isteach sa timpeallacht áitiúil.


Déanann an daa monatóireacht ar an aer comhthimpeallach ag an dá aerfort. Ní hionann méid na monatóireachta ag gach suíomh. I mBaile Átha Cliath, tá stáisiún monatóireachta chaighdeán an aeir ar an suíomh. Is féidir leis an trealamh seo réimse leathan de pharaiméadair a thomhas ar bhonn leanúnach. Déanaimid monatóireacht freisin sna pobail mórthimpeall an aerfoirt.

I gCorcaigh, is ar shuíomh an aerfoirt amháin a

dhéantar monatóireacht ar an aer. Léiríonn torthaí na monatóireachta aeir ag an dá aerfort go bhfuil caighdeán an aeir go maith agus tiúchan na bpríomh-pharaiméadar iompair faoi bhonn na gcaighdeán aeir ábhartha náisiúnta. Gheofar tuilleadh sonraí ar chaighdeán an aeir in aghaidh na bliana in Aerfort Bhaile Átha Cliath ag an nasc thíos.

Cuireann an daa tionscnaimh ar mhaithe le hastaíochtaí a laghdú tuilleadh i bhfeidhm i gcónaí. Áirítear air sin feithiclí leictreacha a úsáid, éifeachtúlacht coirí a fheabhsú agus Pleananna Bainistíochta Soghluaisteacha a chur chun feidhme chun daoine a spreagadh chun córacha iompair níos inbhuanaithe a úsáid.

→ <https://www.dublinairport.com/regulation-and-planning/regulatory/air-quality-data>



10.0 An Ghaeilge

MISNÍTEAR FOIREANN AN daa's CHUN A GCUID FÁINNÍ A CHAITHEAMH AG AN OBAIR LENA GCAIGHDEÁN GAEILGE LABHARTHA A LÉIRIÚ.

Seo an triú bliain do scéim Ghaeilge chuideachta an daa. Seoladh an scéim i Lúnasa 2013. Is é an aidhm atá léi leibhéal feabhsaithe eolais agus seirbhíse i nGaeilge a chur ar fáil do chustaiméirí agus do bhaill foirne trí bhearta éagsúla.

Ó thús deireadh na scéime, bhain foireann ó Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí agus ó Sheirbhísí Comhroinnte na Sionainne leas as cláir oiliúna Gaeilge intí agus ar líne.

Misnítear an fhoireann chun fógraí dátheangacha “as an oifig” a úsáid, an Fáinne a chaitheamh chun a leibhéal cumais sa Ghaeilge labhartha a léiriú, agus iad féin a chur ar fáil go deonach chun freagraí Gaeilge a thabhairt nuair is gá.

Le linn Sheachtain na Gaeilge (Márta1 go 17), chuir an daa roinnt gníomhaíochtaí spraoi ar fáil sna críochfoirt paisinéirí le húsáid na Gaeilge a chur chun cinn do chustaiméirí agus do bhaill foirne.



2015 - FEIDHMÍOCHT



Paisinéirí (ina milliúin)

Aerfort	2012	2013	2014	2015
Baile Atha Cliath	19.1	20.17	21.7	25
Corcaigh	2.34	2.26	2.1	2.07



Gluaiseachtaí Aerfoirt

Aerfort	2012	2013	2014	2015
Dublin	156,582	163,703	174,961	191,234
Corcaigh	21,784	20,800	20,005	18,153



Fuinneamh Príomhúil (GWh)

Aerfort	2012	2013	2014	2015
Baile Atha Cliath	168.3	163.4	158.8	156
Corcaigh	24.9	24.4	23.2	23.66

* Méadú ar úsáid an phríomhfhuinnimh i ngeall ar laethanta ar méadaíodh an chéim téimh in 2015.



Iomlán na nGlan-Astaíochtaí Carbóin (Tonnaí CO₂*)

Aerfort	2012	2013	2014	2015
Baile Atha Cliath	34,698	34,421	32,574	32,221
Corcaigh	5,065	5,243	4,803	4,912

*Ó Thomhas agus Tuairisciú an ÚFIÉ

** Méadú ar astaíochtaí CO₂ de bharr méadú ar úsáid fuinnimh i ngeall ar laethanta ar méadaíodh an chéim téimh




Glan-iomlán an Uisce (m³)

Aerfort	2012	2013	2014	2015
Baile Atha Cliath	454,769	417,672	286,269	337,225
Corcaigh	58,644	54,783	52,110	43,225



Waste (grams per passenger)

Aerfort	2012	2013	2014	2015
Baile Atha Cliath	181	159	149	151
Corcaigh	105	97	102	97



Teagmháil Linn

Tá súil againn go bhfuil an t-athbhreithniú seo ar 2014 go faisnéiseach agus go dtugaimid léargas ar an gcur chuige foirne atá ag daa maidir lenár gclár oibre Inbhuanaitheachta a thabhairt chun cinn. Cuireann sé seo ar ár gcumas cur chuige a bheith again atá freagrach go sóisialta agus neamhdhíobhálach don timpeallacht. Is mian linn daoine idirghníomhú leis an gcomhlacht trínár n-iomad meáin shóisialta maidir leis an Inbhuanaitheacht agus le ceisteanna a bhaineann léi.

Is féidir do chuid smaointe a chur ar ghaidh chuig: sustainability@daa.ie

Á cuntais Twitter ag na haerfoirt
[@dublinairport](https://twitter.com/dublinairport)
[@corkairport](https://twitter.com/corkairport)

Tá cuntais Facebook ag na haerfoirt freisin.
www.facebook.com/dublinairport/
www.facebook.com/FlyCork/

Tuilleadh Eolais

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis an Uasdátú Inbhuanaitheachta téigh i dteagmháil le:

An Rannóg Comhshaoil agus
Inbhuanaitheachta,
HSSE
Foirgnemh n tSenteirmiéil Lair
Aerfort Bhile Áth Clith
Co. Bhile Áth Clith, Éire

E: sustainability@daa.ie

T: 353 1 81 44401

NÓTA: Níor chóir an doiciméad seo a chur i gcló ach amháin nuair is gá sin agus ar pháipéar athchúrsáilte atá deimhnithe ag PEFC nó FSC.

